© Rialtas na hÉireann 2010
An t-ábhar curtha le chéile agus curtha i láthair
As an bPríomhoifig Staidrimh.
Is féider cóipeanna a dhéanamh den ábhar seo ach
amháin i gcás tráchtála chomh fada agus go mbíonn
an fhoinse luaite.

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| Brollach | | 3 |
| Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir | | 5 |
| Caibidil 1 | Léargas Ginearálta ar an Dul Chun Cinn in 2009 | 7 |
| Caibidil 2 | Cláir um Ghnó Staitistiúil | 13 |
| Caibidil 3 | Ár gCláir Thacaíochta don Eagraíocht | 25 |
| Aguisín 1 | Monatóir Tráthúlachta | 37 |
| Aguisín 2 | Faisnéis Airgeadais | 43 |
| Aguisín 3 | Íoc Pras Cuntas 2009 | 45 |
| Aguisín 4 | Gluais | 47 |

# Brollach

Cuirim fáilte roimhe seo, an dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le *Ráiteas Straitéise 2008-2010* na Príomh-Oifige Staidrimh. I mí Mheithimh 2009, bhí sé de phleisiúr ag mo réamhtheachtaí, Pádraig Ó Ciardha TD, seimineár a sheoladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i gcomóradh chothrom 60ú bliain na Príomh-Oifige Staidrimh.

Bliain an-dúshlánach a bhí in 2009 freisin áfach, agus ba mhó brú a bhí orainn ó thaobh acmhainní agus an gá le seirbhísí a nuáil agus a chur ar fáil ar bhealach níos éifeachtúla. Tá clár oibre an Rialtais, maidir leis an tSeirbhís Phoiblí a bhunathrú chun feabhais, go mór i gceist sa chomhthéacs sin agus is údar áthais dom a fheiceáil go bhfuil an Phríomh-Oifig Staidrimh ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin sin gan scáth gan eagla.

Cuireadh *Plean um Forbairt Gnó agus na hEagraíochta* de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh i gcrích i mí na Bealtaine 2009, agus is freagairt chuimsitheach é ar na dúshláin atá roimh an Oifig – ó thaobh staitisticí a sholáthar chun beartais a threorú, ó thaobh Córas Staitistiúil na hÉireann a fhorbairt agus ó thaobh san t-ualach ar sholáthraithe sonraí a laghdú. Is údar áthais ar leith dom a fheiceáil go bhfuil cur chuige comhordaithe á ghlacadh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i leith an t-ualach staitistiúil ar ghnónna a laghdú – agus gur féidir leis an Oifig dul chun cinn ina leith sin a thomhas agus a léiriú.

Bhí an Phríomh-Oifig Staidrimh i measc an dara grúpa de Ranna agus d'Oifigí a ghlac páirt sa Chlár um Athbhreithniú Eagraíochta, atá á stiúradh ag Roinn an Taoisigh. Ghlac ceithre Roinn agus Oifig páirt sa chlár in 2009 agus táim ag súil go mór le foilsiú na tuarascála air sin in 2010. Beidh an t-athbhreithniú ina chúnamh nach beag don Phríomh-Oifig Staidrimh maidir lena seirbhísí staitistiúla lárnacha a sheachadadh; maidir lena cuid

acmhainní airgeadais, Acmhainní Daonna agus acmhainní Teicneolaíochta Faisnéise a bhainistiú sa chaoi is go mbainfear an éifeacht is fearr astu; agus maidir le Córas Staitistiúil na hÉireann a chomhordú.

D'fhoilsigh an Bord Náisiúnta Staidrimh a *Straitéis don Staidreamh 2009-2014* in 2009. Leantar ar aghaidh le béim a leagan sa straitéis ar chur chuige lena gcuimseofar an córas ar fad, córas ina leanann an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aghaidh le bheith ag obair go dlúth le Ranna agus le Gníomhaireachtaí eile chun riachtanais staitistiúla a chomhlíonadh agus chun acmhainneacht staitistiúil na dtaifead riaracháin a mhéadú oiread agus is féidir.

Tá staitisticí oifigiúla ina gcuid ríthábhachtach den bhonneagar náisiúnta faisnéise agus is ionchur ríthábhachtach iad sa phróiseas le cinntí maithe a dhéanamh. Tá muinín agam as an bPríomh-Oifig Staidrimh, in aois a 60 bliain agus níos sine di, go leanfaidh sí ar aghaidh le bheith ag soláthar na faisnéise ardcháilíochta atá ag teastáil ó Éirinn maidir lenár n-eacnamaíocht, ár sochaí agus ár gcomhshaol.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad sa Phríomh-Oifig Staidrimh, i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre as an tsársheirbhís leanúnach a sholáthair siad in 2009.





**Seán Ó Curráin TD**
Príomh-Aoire an Rialtais agus
an tAire Stáit ag Roinn an Taoisigh

# Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Is í seo an dara Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le *Ráiteas Straitéise 2008-2010* na Príomh-Oifige Staidrimh. Bhí athruithe sóisialta agus eacnamaíochta ar na príomhnithe a bhrúigh an t-éileamh ar staitisticí le blianta beaga anuas ach bhí athrú de chineál eile i réim in 2009. Mar gheall ar chúrsaí a bhseith deacair ó thaobh buiséad, ba ghéire an gá "níos mó a dhéanamh le níos lú" agus thug an Phríomh-Oifig Staidrimh aghaidh ar an dúshlán sin in 2009 tríd an *bPlean um Forbairt Gnó agus na hEagraíochta* a ullmhú.

Rud atá ina ghné thábhachtach den phlean ná a chinntiú go mbeidh cur chuige iomlán comhleanúnach i bhfeidhm againn trasna na Príomh-Oifige Staidrimh agus muid ag leanúint lenár gcuspóirí corparáideacha ardleibhéil. Cabhróidh na hathruithe atá á gcur chun feidhme againn faoin bplean seo linn freagairt fhadtéarmach níos éifeachtaí a sholáthar maidir le bheith ag freastal ar na héilimh ar fhaisnéis staitistiúil, ag laghdú an ualaigh ar fhreagróirí agus ag leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú le Córas Staitistiúil na hÉireann a fhorbairt.

I rith 2009, ghlac an Phríomh-Oifig Staidrimh páirt sa Chlár um Athbhreithniú Eagraíochta agus táim ag súil go mór le foilsiú na tuarascála ar an Oifig, rud atá le déanamh ag Roinn an Taoisigh go luath. Táim ag súil leis go mbeidh roinnt teachtaireachtaí dúshlánacha dúinn san athbhreithniú agus táim muiníneach, trína bheith ag obair le chéile, go mbeimid in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar fad ar bhealach dearfach.

Táimid ag leanúint ar aghaidh leis an gcomhoibriú méadaithe trasna Chóras Staitistiúil na hÉireann a thógáil. In 2009, shínigh an Phríomh-Oifig Staidrimh meabhráin tuisceana leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, i ndáil le comhoibriú breisithe maidir le cúrsaí staitistiúla. Cabhróidh na comhaontuithe sin linn an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú agus soláthrófar anailís staitistiúil bhreisithe dá mbarr, trí úsáid níos mó a bheith á baint as sonraí riaracháin chun críocha staidrimh. Cabhróidh siad linn staitisticí a tháirgeadh ar bhealach níos éifeachtúla freisin.

Is suntasach an t-am san fhéilire staitistiúil muid a bheith ag tús sraith nua deich mbliana. I mí Mheithimh 2010, reáchtáilfimid an tÁireamh Talmhaíochta, a dhéantar gach deich mbliana, agus beidh cur chuige nua i réim maidir le staitisticí talmhaíochta a bhailiú de bharr ár gcomhaontaithe leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Agus tá na hullmhúcháin tagtha chun cinn go mór don tionscadal staitistiúil is mó dár gcuid – an Daonáireamh a tharlóidh an 10ú Aibreáin 2011.

Rud eile a bhí ina dhíol suntais dúinn ná cothrom 60 bliain ó bhunú na Príomh-Oifige Staidrimh in 1949. Chun an ócáid a cheiliúradh, reáchtálamar seimineár i gCaisleán Bhaile Átha Cliath – an áit a raibh an Oifig lonnaithe i dtosach – maidir leis na dúshláin a bhaineann le staitisticí oifigiúla. Bhí sé sin ar cheann de thrí sheimineár théamacha a d'eagraíomar in 2009. Deis luachmhar is ea na himeachtaí sin lenár dtáirgí agus ár dtionscadal staitistiúla nua a chur ar taispeáint agus le forbairtí a tharlóidh amach anseo maidir le cúrsaí staitistiúla a phlé lenár n-úsáideoirí.

Cé go bhfuil cúrsaí ó thaobh faisnéise níos casta sa lá atá inniu ann ná mar a bhí in 1949, táim cinnte go n-aithneodh bunaitheoirí na Príomh-Oifige Staidrimh an misean atáimid ag iarraidh a chomhlíonadh inniu - faisnéis ardcháilíochta a sholáthar go héifeachtúil tráthúil – mar bhonnchloch sochaí daonlathaí fós. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile na Príomh-Oifige Staidrimh as a dtiomantas leanúnach don mhisean lárnach sin i mbliain a bhí deacair go maith.





**Gearóid Ó hAnluainn**
Ard-Stiúrthóir

# Léargas Ginearálta ar an Dul Chun Cinn in 2009

Caibidil 1

Leagtar treoir straitéiseach na Príomh-Oifige Staidrimh ar feadh trí bliana amach in ár Ráiteas Straitéise 2008-2010 agus soláthraítear treoir shoiléir sa straitéis dár mbainisteoireacht, dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara seachtracha maidir lenár spriocanna corparáideacha agus ár gcuspóirí ó thaobh cúrsaí gnó. Tugtar mionchuntas sa Tuarascáil Bhliantúil seo i gcomhair 2009 ar an dul chun cinn atá bainte amach ag lárphointe na Straitéise.

## Mandáid na Príomh-Oifige Staidrimh

Tá sainordú dlíthiúil na Príomh-Oifige Staidrimh leagtha amach san Acht Staidrimh, 1993.

*Faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí agus dálaí eacnamaíocha, sóisialta agus ginearálta sa Stát a bhailiú, a thiomsú, a bhaint amach agus a scaipeadh chun críocha staidrimh.*

Is é seo a leanas ár misean, agus ár spriocanna ardleibhéil, faoi mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2008-2010:

*Staitisticí d'Éirinn na Linne seo - Faisnéis ardcháilíochta a sholáthar go héifeachtúil tráthúil do shochaí atá ag athrú.*

- Raon, cáilíocht agus tráthúlacht ár staitisticí a fheabhsú go leanúnach
- An t-ualach ar fhreagróirí suirbhéanna a laghdú oiread agus is féidir
- An úsáid a bhaintear as sonraí riaracháin chun críocha staidrimh a mhéadú
- Éifeachtúlachtaí níos mó a bhaint amach tríd na cleachtais is fearr a úsáid
- Feasacht phoiblí agus úsáid phoiblí staitisticí a ardú.

Tá sainordú, misean agus spriocanna na Príomh-Oifige Staidrimh fanta mar an gcéanna i rith na straitéise seo. Rud a bhfuil athrú suntasach tagtha air, áfach, ó 2008 ná an scéal ó thaobh buiséad. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag leanúint ar aghaidh le bheith ag comhlíonadh, agus i roinnt cásanna, ag sárú, na spriocanna corparáideacha agus na gcuspóirí gnó in ainneoin muid a bheith ag feidhmiú ag am a bhfuil cúrsaí buiséid níos srianta ná mar a bhí.

## Réimsí na nGníomhartha a dTugtar Tús Áite Dóibh – an Méid a Baineadh Amach in 2009

Tá ocht réimse gníomhartha, a dtugtar tús áite dóibh, aitheanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh lena chinntiú go mbeidh ár gclár saothair céim ar chéim, ar ardleibhéal, le hathruithe a thagann ar riachtanais. Tugtar tuairisc ar nithe buntábhachtacha a baineadh amach in 2009 faoi gach ceann de na réimsí seo thíos. Soláthraítear níos mó sonraí sonracha i gCaibidlí 2 agus 3 maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i leith gach ceann de na táscairí feidhmíochta buntábhachachta a aithníodh i Ráiteas Straitéise 2008-2010.

## Córas Staitistiúil na hÉireann a Fhorbairt

- D'eisigh an Bord Náisiúnta Staidrimh a *Straitéis don Staidreamh 2009-2014* in 2009. Le straitéis sé bliana an Bhoird, leagtar síos an creat fadtéarmach le haghaidh forbairtí sa Phríomh-Oifig Staidrimh agus i gCóras Staitistiúil na hÉireann ar bhonn níos leithne. Leis an straitéis i gcomhair 2009 go 2014, táthar ag leanúint ar aghaidh le bheith ag cur leis an gcur chuige, lena gcuimsítear an córas ar fad, a bunaíodh i rith na sé bliana roimhe, agus leagtar béim sa straitéis ar a bheith ag forbairt an chumais leis an úsáid is fearr a bhaint as sonraí riaracháin agus le staitisticí a tháirgeadh chun cinntí maidir le beartais agus cúrsaí fioscacha a threorú.

- Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag leanúint ar aghaidh le bheith ag obair go gníomhach le Ranna agus le Gníomhaireachtaí eile chun úsáid éifeachtach na faisnéise staitistiúla a chomhordú. Tá an obair sin dírithe ar threoir a sholáthar maidir le dearadh agus ábhar straitéisí sonraí / staitisticí; ar chúnamh a sholáthar maidir le cúrsaí staitistiúla gairmiúla, agus ar chomhoibriú díreach maidir le tionscadail staitistiúla.

- I rith 2009, shínigh an Phríomh-Oifig Staidrimh meabhráin tuisceana leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, i ndáil le comhoibriú breisithe maidir le cúrsaí staitisticí. Cabhróidh an obair a bhfuiltear ag leanúint léi faoin dá chomhaontú le hanailís staitistiúil nua a

tháirgeadh, leis an ualach ar fhreagróirí a laghdú agus le staitisticí a tháirgeadh ar bhealach níos éifeachtúlaí.

- Tá daoine le saineolas staitistiúil i láthair in aon Roinn/Ghníomhaireacht déag den Rialtas anois i bhfoirm Staitisteoirí nó Staitisteoirí Sinsearacha atá ar iasacht ón bPríomh-Oifig Staidrimh nó a earcaíodh go díreach. Tá a ngréasán ag cabhrú le comhordú an chórais staitistiúil a fheabhsú.

## Riachtanais staitistiúla nua a chomhlíonadh

- D'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh breis is 350 eisiúint agus foilseachán staitistiúil i 2009. Tugtar mionsonraí in Aguisín 1.

- Foilsíodh na chéad staitisticí, lenar cuimsíodh an eacnamaíocht ar fad, ón Suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Chostais Fostaíochta (STUCF) i mí na Nollag 2009. Tá an suirbhé ráithiúil seo tagtha in ionad roinnt suirbhéanna earnálacha a bhfuiltear tar éis deireadh a chur leo.

- I rith 2009, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh anailís bhreise ar Shuirbhé Náisiúnta Fostaíochta 2007 agus teicnící anailíse na n-ilathróg á n-úsáid chun tuilleamh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a chur i gcomparáid le chéile.

- Foilsíodh Innéacs nua ráithiúil de Phraghasanna Táirgeoirí Seirbhíse i 2009.

- Tugadh suirbhé míosúil ar an láimhdeachas san earnáil seirbhísí isteach i 2009 freisin agus foilseofar na chéad torthaí uaidh sin i 2010.

- Foilseofar na chéad torthaí i 2010 ó shuirbhé píolótach ar chúrsaí iompair, a rinneadh i bhfómhar na bliana 2009.

- Forbraíodh modheolaíocht chun iomlán na gciliméadar feithicle a mheas ó fhoinsí reatha suirbhéanna agus riaracháin agus cuireadh torthaí i láthair ag seimineár maidir le staitisticí iompair agus foilsíodh na torthaí san ollfhoilseachán bliantúil maidir le staitisticí iompair.

- Tá sraith nua maidir le Stoc Caiptil na Sócmhainní Seasta curtha i gcrích agus foilsithe níos luaithe ná mar a bhí sceidealaithe.

- De bharr na hanailíse ar fhoinsí sonraí riaracháin i rith 2009, tháinig an dara tuarascáil ar náisiúnaigh eachtracha sa lucht oibre a foilsíodh i mí na Nollag 2009, chomh maith le hanailís nua ar shreabha an Chláir Bheo, a foilsíodh sa chéad ráithe de 2010.

- I rith 2009, tugadh an Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh (SNRT) cothrom le dáta sa chaoi is go ndéantar ar bhonn ráithí an fhéilire é, rud lena dtugtar meastacháin faoin margadh saothair ar aon dul le táscairí eile.

- Táirgeadh trí fhoilseachán i rith 2009 a bhí bunaithe ar an Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála (*SILC*), rud a d'fhág gur cuireadh go mór le raon na staitisticí sóisialta a bhíonn ar fáil d'úsáideoirí.

- D'eagraigh an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá sheimineár mhóra staitistiúla i 2009, ceann amháin maidir le staitisticí iompair agus an ceann eile, maidir leis na dúshláin a bhíonn roimh staitisticí oifigiúla (bhí an ceann deiridh le cothrom 60 bliain bhunú na hOifige a chomhóradh). Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag leanúint ar aghaidh le bheith ag eagrú seimineár go rialta mar fhóram luachmhar chun táirgí staitistiúla nua a chur ar taispeáint agus riachtanais agus deiseanna staitistiúla a phlé le húsáideoirí ár staitisticí.

## An t-Ualach Freagartha a Bhainistiú

- Tá sraith gníomhartha leathana á cur chun feidhme ag an bPríomh-Oifig Staidrimh chun an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú agus tá tionchar na mbeart sin á tomhas sa *Tuarascáil Bhliantúil ar an Ualach Freagartha a leagtar ar Ghnónna na hÉireann.* Thit an tUalach Freagartha ar fhiontair 7% idir 2007 agus 2008.

- Baineadh na laghduithe sin amach trí athbhreithniú a dhéanamh ar cheistneoirí, chun ceisteanna neamhriachtanacha nó lenar iarradh an fhaisnéis chéanna, a bhaint amach agus trí mhéid na samplaí a laghdú agus uainíocht na samplaí a bhainistiú, trí úsáid níos mó a bhaint as foinsí riaracháin sa chás gurbh fhéidir, agus trí bhealaí a sholáthar go seolfadh lucht fiontair tuairisceáin staitistiúla chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh go leictreonach.

- Chabhraigh an meabhrán tuisceana idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus na Coimisinéirí Ioncaim linn úsáid níos fearr a bhaint as sonraí riaracháin ar ghnónna chun críocha staidrimh agus leis an ualach freagartha a laghdú.

- Ar an gcaoi chéanna, tugtar bonn dúinn leis an meabhrán leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia leis an oiread úsáide a bhaint as cláir riaracháin agus is féidir in Áireamh Talmhaíochta Mheitheamh 2010 agus leis na suirbhéanna talmhaíochta rialta a athdhearadh sa chaoi is go mbainfear níos mó úsáide as na sonraí riaracháin atá ar fáil agus nach mbeidh ar fhreagróirí an oiread foirmeacha a chomhlánú.

- I rith 2009, leanamar ar aghaidh le bheith ag obair le 39 cuideachta a dhéanann bogearraí párolla chun roghanna leictreonacha a sholáthar le húsáid leis an suirbhé ráithiúil STUCF a fhreagairt agus tá méadú tagtha ar líon na ndaoine a bhaineann úsáid as an rogha sin.  Measaimid go seoltar idir 35 agus 40% de na tuairisceáin ar fad anois agus úsáid bainte as an áis sin.

- Cé go raibh an Phríomh-Oifig Staidrimh in ann dul chun cinn maith a dhéanamh maidir le hualaí a laghdú, tá roinnt saincheisteanna, a chuimsíonn an córas ar fad, a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu go lárnach. Is é an ceann is suntasaí as a measc siúd ná na sochair a gheofaí ach aitheantóir uathúil gnó a úsáid trasna na hearnála poiblí.

## Teicneolaíocht faisnéise

- I rith 2009, rinneamar athbhreithniú ar an dul chun cinn go dtí seo ó thaobh an leas a bhaintear as an gCóras Bainisteoireachta Sonraí (CBS) chun suirbhéanna a bhailiú agus a phróiseáil. Bhí an córas i mbun feidhme den chéad uair i mí Mheáin Fómhair 2007. Chabhraigh an t-athbhreithniú sin leis an Straitéis TF i gcomhair 2010 go 2012 a dhearadh agus críochnaíodh an straitéis i mí Aibreáin 2010.

- Lean an obair ar aghaidh de réir mar a bhí sceidealaithe i rith 2009 leis an aistriú go dtí *SAS Business Intelligence* (*SAS BI*) mar an phríomhuirlis bogearraí don anailís staitistiúil. Ag deireadh na bliana, bhí thart faoi leathchuid d'úsáideoirí *SAS* na Príomh-Oifige Staidrimh tar éis aistriú go dtí na bogearraí nua anailíse.

- Is é is aidhm leis an Straitéis TF i gcomhair 2010 go 2012 ná an infheistíocht a rinneadh sa Chóras Bainisteoireachta Sonraí agus sa chóras *SAS BI* a chomhdhlúthú, agus iad a fhorbairt ag an am céanna chun freastal ar riachtanais nua ó thaobh cúrsaí gnó.

## Ríomh-sheirbhísí rialtais

- Tá nósanna imeachta nua curtha chun feidhme ag an bPríomh-Oifig Staidrimh chun leas a bhaint as sonraí riaracháin rud lena gcuirtear ar ár gcumas fiontair nua agus scortha a aithint níos luaithe, chun an clár a thabhairt cothrom le dáta. Éascaíonn na nósanna imeachta sin leis na hathróga srathaithe eacnamaíochta a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn níos tráthúla freisin.

## Scileanna agus Oiliúint

- Seoladh suíomh inmheánach r-oiliúna in 2009 chun raon leathan cúrsaí a sholáthar agus chun cabhrú leis an bhfoireann a scileanna a mhéadú agus lena bhforbairt phearsanta chomh maith.
- Leathnaíodh ár gcláir oiliúna staitistiúla inmheánacha chun cúrsaí i sainábhair a sholathraíonn saineolaithe idirnáisiúnta a chuimsiú (m.sh. an tsampláil, an neamhfhreagairt a bhainistiú, anailís na n-ilathróg) le cois cúrsaí a thugann foireann na Príomh-Oifige Staidrimh.

## Cód Cleachtais Staitisticí na hEorpa

- Rud atá ina chéim thábhachtach le Cód Cleachtais Staitisticí na hEorpa a chur chun feidhme ná cáipéisíocht agus táscairí ardchaighdeáin a sholáthar i leith staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh agus staitisticí nach dtáirgeann an Oifig.
- Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aghaidh le láithreán na táirsí le haghaidh staitisticí oifigiúla www.statcentral.ie a chothabháil agus a fhorbairt in 2009. Tá clár tuarascálacha ardchaighdeáin ar na staitisticí a fhoilsíonn ranna agus gníomhaireachtaí eile á gcur i bhfeidhm de réir a chéile ag an Oifig anois, agus foilseofar na tuarascálacha ar láithreán *StatCentral*.

## Cleachtais éifeachtúla oibre

- Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar a cuid struchtúr agus ar eagrú a cuid oibre, ag tús 2009. Dearadh an *Plean um Forbairt Gnó agus na hEagraíochta*, a tháinig dá thoradh, chun freagairt chomhleanúnach a sholáthar i leith na hoibre lenár spriocanna ardleibhéil a chomhlíonadh agus cúrsaí níos deacra ó thaobh acmhainní. Cuireadh na príomhathruithe ó thaobh na heagraíochta a tháinig chun cinn ón bplean i bhfeidhm i mí Mheáin Fómhair 2009.

# Cláir um Ghnó Staitistiúil

# Caibidil 2

## Staitisticí Maicrea-Eacnamaíochta

Clúdaíonn an clár seo na réimsí eacnamaíochta - Cuntais Náisiúnta, Comhardú na nÍocaíochtaí, Staitisticí um Thrádáil Sheachtrach agus cuntais satailíte gaolmhara maidir le Sláinte agus an Comhshaol. Liostaítear na Táscairí Feidhmíochta Buntábhachtacha (TFBeanna), faoi mar a aithníodh iad i *Ráiteas Straitéise 2008-2010* agus i *dTuarascáil Bhliantúil 2008*, taobh le rátáil maidir le dul chun cinn de réir na cairte faoi dhul chun cinn thíos.

## TFBeanna maidir le Cuntais Náisiúnta

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Eisiúint ráithiúil faoin Olltáirgeacht Intíre a fhoilsiú faoi cheann 70 lá tar éis dheireadh na ráithe, i mí Mhárta 2009 | Márta 2009 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Cuntais ráithiúla na hearnála neamhairgeadais a thiomsú faoi cheann 90 lá tar éis dheireadh na ráithe, ag tosú i mí Mheáin Fómhair 2008 | Meán Fómhair 2008 | De réir an sceidil |
| Tomhas, a bheidh bunaithe ar aschuir, a thabhairt isteach maidir leis an bpraghas reatha Olltáirgeachta Intíre | 2010 | Níos luaithe ná mar a bhí sceidealaithe |
| Cuntais Sláinte satailíte a tháirgeadh faoi 2009 | 2009 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Meastacháin maidir le Stoc Caipitil na Sócmhainní Seasta 2008 | 2010 | Níos luaithe ná mar a bhí sceidealaithe |

I réimse na gCuntas Náisiúnta, ba é an príomhchuspóir a bhí ann ná méadú breise a sholáthar ar raon na staitisticí tráthúla chun riachtanais úsáideoirí, go háirithe úsáideoirí Choimisiún an AE, a shásamh.

- In 2009, níorbh fhéidir an targaid, maidir le meastacháin ráithiúla faoin Olltáirgeacht Intíre a fhoilsiú faoi cheann 70 lá, a chomhlíonadh mar gheall ar imní faoin gcáilíocht de bharr a athraithí is atá an tsraith agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair.

- Soláthraíodh meastacháin faoi chuntais neamhairgeadais ráithiúla do *Eurostat* go gcuirfí san áireamh i staitisticí comhbhailithe na hEorpa iad. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag súil go bhfoilseoidh sí iad sin in 2010.

- I ndáil le tomhas a thabhairt isteach faoin bpraghas reatha Olltáirgeachta Intíre, a bheidh bunaithe ar aschuir, foilsíodh sraith do na tréimhsí 2002 go 2006 níos luaithe ná mar a bhí sceidealaithe i mí Mheitheamh 2009.

- Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag obair ar thionscadal an Chuntais Sláinte i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí (RSL) agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Táthar fós ag déanamh athbhreithnithe ar thorthaí suirbhé phíolótaigh a rinne sainchomhairleoirí.

- Cuireadh sraith nua maidir le Stoc Caiptil na Sócmhainní Seasta i gcrích agus foilsíodh í níos luaithe ná mar a bhí sceidealaithe i mí na Nollag 2009 í.

### TFBeanna maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Freastal ar bhonn leanúnach ar an méadú atá ag teacht ar éilimh ó thaobh raon, cháilíocht agus thráthúlacht na staitisticí a bhaineann le Comhardú na nÍocaíochtaí | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| An obair a leathnú sách mór faoi dheireadh 2010, agus an Phríomh-Oifig Staidrimh ag comhoibriú leis an mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, ionas go n-éascófar leis an bpróiseas le deireadh a chur le bailiúchán reatha sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh do thromlach na bhfiontar airgeadais a ndéantar suirbhé orthu faoi láthair | 2010 | De réir an sceidil |

Is e an sprioc bunúsach sa réimse seo ná cáilíocht agus tráthúlacht staitisticí, a bhaineann le comhardú na n-íocaíochtaí, a choinneáil ar bun, agus ceanglais an AE agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh a chomhlíonadh ag an am céanna agus raon na sonraí a bheidh ar fáil a leathnú chomh maith.

- Coinníodh tráthúlacht na hoibre ar bun i gcaitheamh 2009 agus cuireadh tábla breise leis an eisiúint faoi Staid na hInfheistíochta Idirnáisiúnta.

- I ndáil le comhoibriú leis an mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (BCÚSAÉ), tá sonraí á mbailiú anois faoi chóras nua bailiúcháin/tiomsaithe sonraí do Chorparáidí Feithiclí Airgeadais.

## TFBeanna maidir le Trádáil Sheachtrach

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Staitisticí mionsonraithe míosúla faoin trádáil a fhoilsiú faoi cheann dhá sheachtain déag | 2010 | De réir an sceidil |
| Cinntiú, i gcomhpháirtíocht le hoifig *VIMA* sna Coimisinéirí Ioncaim, go dtiomsófar staitisticí trádála ardcháilíochta gan aird ar aon athruithe ar réimis bhailiúcháin | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |

Is éard atá fós i gceist leis an sprioc sa réimse seo ná sonraí tráthúla, lena mbaineann cáilíocht mhaith, a fhoilsiú maidir leis an trádáil sheachtrach mharsantachta.

- Foilsíodh an eisiuint staitistiúil rialta mhíosúil laistigh de thargaid na 12 sheachtain i gcaitheamh 2009

- Ba thacaíocht an-éifeachtach na cruinnithe rialta leanúnacha i gcaitheamh 2009 don chomhobair a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh agus oifig *VIMA* na gCoimisinéirí Ioncaim.

## TFBeanna Comhshaoil

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Leanúint ar aghaidh le Cuntais um Astaíochtaí go hAer atá ann cheana féin a fhoilsiú (agus raon na gcuntas leathnaithe sa chás go mbeifear in ann mar gheall ar cháilíocht na sonraí) | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Chéad sraith de Chuntais um Shreabhadh Ábhair a fhoilsiú faoi dheireadh 2008 | 2008 | De réir an sceidil |
| Rannpháirtíocht iomlán i ngach próiseas ábhartha a bhaineann le táscairí náisiúnta na Straitéise Forbartha Inbhuanaithí | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |

Táthar ag tabhairt cúrsaí comhshaoil agus cúrsaí sóisialta san áireamh níos mó de réir a chéile agus á n-áireamh mar chuid lárnach den phróiseas déanta cinntí. Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh an dul chun cinn seo a leanas in 2009:

- Foilsíodh Cuntais um Réamhtheachtaí Gáis Cheaptha Teasa agus Báistí Aigéadaí d'Éirinn 1999-2007 i mí Iúil 2009.

- Ullmhaíodh Cuntais um Shreabhadh Ábhair, lenar cuimsíodh an eacnamaíocht ar fad, in 2008 agus, tar éis don Oifig dul i gcomhairle le saineolaithe seachtracha, foilsíodh an tuarascáil ar an idirlíon ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh i mí na Bealtaine 2009.

- Tá tús curtha ag Rannán Comhshaoil na Príomh-Oifige Staidrimh le hobair le sraith Táscairí Comhshaoil d'Éirinn a thiomsú, le foilsiú in 2010. Tá an obair sin de réir an sceidil.

- Lena chois sin, agus muid ag obair i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), tá tús curtha le hobair a bhfuil sé d'aidhm léi cáilíocht agus tráthúlacht Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola a fheabhsú.

## Staitisticí Déimeagrafacha agus Sóisialta

Cuimsíonn an clár seo an Daonáireamh agus trí mhórshuirbhé teaghlaigh: an Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh (SNRT) leanúnach; Suirbhé bliantúil an AE ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála (*EU-SILC*); agus an Suirbhé Buiséid Teaghlaigh (SBT) a dhéantar gach cúig bliana.

## TFBeanna maidir leis an Daonáireamh

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| An mheasúnacht ar athruithe ar an modheolaíocht allamuigh a chur i gcrích faoi lár 2009 agus córas a fhorbairt chun athruithe a chur chun feidhme faoi lár 2010 | 2010 | De réir an sceidil |
| Moltaí don Rialtas maidir le hábhar cheistneoir an chéad Daonáireamh eile roimh dheireadh 2009, agus dearcaí úsáideoirí á gcur san áireamh chomh maith le hindéantacht aon athruithe atá beartaithe | 2009 | De réir an sceidil |
| Córas breisithe Faisnéise Geografaí a fhorbairt le feidhmiú sa chéad daonáireamh eile roimh dheireadh 2010 | 2010 | De réir an sceidil |

Tá an Daonáireamh, a dhéantar gach cúig bliana, ina chuid bhunúsach den phróiseas le beartais a cheapadh agus den phleanáil ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Toisc nach bhfuil córas clárúcháin daonra ann, tá an daonáireamh fíorluachmhar ó thaobh faisnéis a sholáthar maidir le limistéir bheaga agus ó thaobh tuairiscí a thabhairt faoi ghrúpaí mionlaigh. Baineann na torthaí go mór le hábhar go háirithe le linn tréimhse a bhfuil go leor athruithe déimeagrafacha ag titim amach.

Tá obair le daonáireamh 2011 a phleanáil tagtha chun cinn go mór. Reáchtáil an Phríomh-Oifig Staidrimh próiseas lena ndeachthas i gcomhairle leis an bpobal in 2008 maidir le hábhar an daonáirimh agus bhunaigh an Oifig Grúpa Comhairleach

faoin Daonáireamh, atá ag cabhrú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh le gach mórchéim de na hullmhúcháin. Baineadh na garspriocanna buntábhachtacha seo a leanas amach in 2009.

- Réachtáladh tástáil phíolótach an daonáirimh i mí Aibreáin 2009. Clúdaíodh thart faoi 11,400 seoladh a bhí suite in 32 Limistéar Áirimh in ocht gcontae leis an sampla. Cuireadh tuarascáil ar na torthaí i láthair an ghrúpa Chomhairligh faoin Daonáireamh, a mhol an t-ábhar don cheistneoir i gcomhair 2011. Cheadaigh an Rialtas ábhar Fhoirm Dhaonáirimh 2011 i mí na Nollag 2009 agus ainmníodh Dé Domhnaigh 10ú Aibreán mar Lá an Daonáirimh.

- Tar éis measúnachta críochnúla sa tástáil phíolótach, bainfear leas as an mbunachar sonraí náisiúnta seoltaí – an *GeoDirectory* – le linn na hoibre allamuigh i gcomhair Dhaonáireamh 2011 - rud a chuirfidh ar ár gcumas aschuir an daonáirimh a tháirgeadh ar bhealach níos solúbtha ná mar a bhíothas in ann roimhe.

- Tá Córas Faisnéise Geografaí (CFC) curtha chun feidhme agus úsáidfear é chun Léarscáileanna Áirimh a tháirgeadh i gcomhair Dhaonáireamh 2011 chomh maith le cóid gheografacha agus aschuir mhapála.

## TFBeanna Suirbhéanna Teaghlaigh (SNRT, SBT, EU-SILC)

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Suirbhéanna an SNRT agus *EU-SILC* a fhorbairt agus a chomhdhlúthú go leanúnach chun freastal ar riachtanais úsáideoirí | 2009 | De réir an sceidil |
| Staitisticí atá bunaithe ar anailísí fadaimseartha ar shuirbhéanna *EU-SILC*, ar tugadh futhu ó 2004 i leith, a fhoilsiú sa chéad leath de 2009 | 2009 | Faoi athbhreithniú breise |
| Córas nua de shuirbhéanna teaghlaigh a thabhairt isteach, faoi réir comhaontú maidir le maoiniúchán, in 2009 | 2009 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe/ curtha ar sos |

Foinse chreidiúnach sonraí fairsinge tráthúla ar an lucht oibre atá sa Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh (SNRT) agus tá an *EU-SILC* bliantúil ina fhoinse dheifnídeach faisnéise ar ioncam agus ar dhálaí maireachtála.

- I rith 2009, tugadh an Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh (SNRT) cothrom le dáta sa chaoi is go ndéantar ar bhonn ráithí an fhéilire é, rud lena dtugtar meastacháin faoin margadh saothair ar aon dul le táscairí eile.

- Foilsíodh torthaí *SILC* i gcomhair 2008 i mí na Samhna 2009 agus bhí anailís, a bhí leathnaithe go mór, ina cuid de chun freastal ar riachtanais úsáideoirí mar a aithníodh trína bheith ag dul i gcomhairle leo i rith na bliana.

- Táirgeadh trí fhoilseachán i rith 2009 a bhí bunaithe ar *SILC*, rud a chuir go mór le raon na staitisticí sóisialta atá ar fáil d'úsáideoirí.

- Leanadh leis an tsaincheist maidir le hanailís fhadaimseartha ach mar gheall ar dheacrachtaí ó thaobh láidre na sonraí chun na críche sin, b'éigean an foilseachán sin a chur siar go dtí go ndéanfar tuilleadh taighde.

- Tá an tsaincheist ó thaobh córas uasdátaithe de shuirbhéanna teaghlaigh fós ar an gclár oibre ach mar gheall ar chúrsaí ó thaobh acmhainní, níorbh fhéidir mórán dul chun cinn a dhéanamh ina leith i rith 2009. Ní dócha go ndéanfar dul chun cinn suntasach roimh 2011.

- Cuireadh tús leis an obair le sonraí a bhailiú do Thionscadail an SBT i mí Lúnasa 2009. Is é seo an chéad uair a reáchtáladh an SBT agus úsáid á baint as an Agallóireacht Phearsanta Ríomhchuidithe, mar a dhéantar le suirbhéanna teaghlaigh eile.

## TFBeanna maidir le Staitisticí faoin Daonra, Imirce agus Staitisticí Beatha

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Leanúint ar aghaidh le feidhm a bhaint as gach foinse dá bhfuil ar fáil chun faisnéis ardcháilíochta a sholáthar faoi athruithe ar an daonra agus faoin imirce | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Tionscadal speisialta a thionscnamh in 2008 chun sonraí básmhaireachta agus an Daonáirimh a mheaitseáil | 2008 | De réir an sceidil |
| Táblaí Saoil uasdátaithe agus réamh-mheastacháin uasdátaithe don daonra agus don lucht oibre a fhoilsiú i rith 2008 | 2008 | De réir an sceidil |

Rud a dtugann an Phríomh-Oifig Staidrimh tús áite go leanúnach do na sonraí bliantúla ardcháilíochta a tháirgeadh maidir le daonra athraitheach na hÉireann.

In 2009 rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh an méid seo a leanas:

- Lean ar aghaidh le leas a bhaint as gach modh dá raibh ar fáil chun na meastacháin bhliantúla faoin daonra agus faoin imirce a bhreisiú. Mar chuid den obair sin, leasaíodh roinnt ceisteanna a bhí sa SNRT cheana féin agus tugadh roinnt ceisteanna nua isteach i rith 2009 maidir leis an eisimirce. Déanfar anailís ar thorthaí na meastachán sin i rith 2010 mar ionchur sna meastacháin faoin daonra.

- Tá an comhad faoin mbásmhaireacht don dá mhí dhéag tar éis dhaonáireamh 2006 tar éis a bheith meaitseáilte le comhad an daonáirimh, agus ba é 83

faoin gcéad an ráta meaitseála. Tá sé i gceist go n-eiseofar staitisticí in 2010 bunaithe ar an gcomhad meaitseáilte.

- Foilsíodh réamh-mheastacháin náisiúnta faoin daonra agus faoin lucht oibre i mí Aibreáin 2008 agus foilsíodh réamh-mheastacháin réigiúnacha faoin daonra i mí na Nollag 2008. Foilsíodh Táblaí Saoil uasdátaithe i mí Eanáir 2009.

### TFBeanna maidir le Tuilleamh agus Fostaíocht

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| An suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Chostais Fostaíochta (STUCF) a leathnú go córasach ionas go gcuimseofar gach earnáil ábhartha den gheilleagar ón gcéad ráithe de 2008 | 2008 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaith |
| An Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta (SNF) a fhorbairt agus a mhionathrú chun feabhais tuilleadh ionas go soláthrófar bonn daingean le hanailís a dhéanamh ar struchtúr agus ar cháilíocht na fostaíochta in Éirinn | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Córais phárolla a fhorbairt tuilleadh ionas go gcomhlíonfar riachtanais staitistiúla agus go n-éascófar le daoine suirbhéanna maidir le tuilleamh a fhreagairt ar an idirlíon | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |

Chomh maith leis an SNRT, tá sonraí mionsonraithe éagsúla a bhaineann le fostaíocht i suirbhéanna gnó an tSuirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Chostais Fostaíochta (STUCF) agus an tSuirbhé Náisiúnta Fostaíochta (SNF).

- Eisíodh na chéad torthaí foilsithe ón suirbhé STUCF i mí na Nollag 2009 lenar clúdaíodh gach earnáil sa dara ráithe de 2009.

- Leanadh ar aghaidh leis an SNF a fhorbairt agus a mhionathrú chun feabhais i gcaitheamh 2009.

- Cuireadh na riachtanais don STUCF ina gcuid de mhórphacáistí uile na soláthraithe párolla rud a laghdaíonn an t-ualach a leagtar ar ghnónna leis na suirbhéanna STUCF agus SNF.

## TFBeanna na Staitisticí Coireachta

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Córas aicmiúcháin nua, chun coireacht tuairiscithe a thaifeadadh, a thabhairt isteach go luath in 2008 in éineacht le heisiúint na bhfigiúr bliantúil i gcomhair 2006 | 2008 | De réir an sceidil |
| Córas nua níos cuimsithí de shuirbhéanna coireachta agus íospartha a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe ó 2009 ar aghaidh (i gcomhar leis an bplean foriomlán le suirbhéanna teaghlaigh a fhorbairt) | 2009 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Staitisticí comhtháite a fhorbairt agus a fhoilsiú i rith chúrsa na straitéise seo maidir leis an gcóras ceartais choiriúil níos leithne | Ar siúl go leanúnach | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |

Tá freagracht ar an bPríomh-Oifig Staidrimh as staitisticí ráithiúla agus bliantúla faoin gcoireacht taifeadta a ullmhú agus a fhoilsiú ó 2006 i leith. In 2009:

- Tugadh an córas aicmiúcháin isteach in 2008 agus tá sé i mbun feidhme ó shin.
- Cuireadh an próiseas siar le suirbhé neamhspleách níos cuimsithí ar an gcoireacht agus ar an íospairt a thabhairt isteach, mar gheall ar shrianta ó thaobh acmhainní. Idir an dá linn, forbraíodh modúl coireachta le cur san áireamh sa SNRT sa chéad ráithe de 2010.
- Is go mall a rinneadh dul chun cinn i ndáil le staitisticí comhtháite a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir leis an gcóras ceartais choiriúil níos leithne. Tá comhráití leis na páirtithe ábhartha ar fad ag leanúint ar aghaidh.

## TFBeanna maidir le Staitisticí Sóisialta a Chomhtháthú

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Dul chun cinn intomhaiste maidir le straitéisí sonraí a chur chun feidhme ar bhonn comhordaithe | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Forbairt leanúnach ar chlár na dtuarascálacha téamacha | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Tionscadail staitistiúla ábhartha a aithint agus a chur chun feidhme chun sonraí as foinsí difriúla a nascadh | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Torthaí ón Suirbhé Náisiúnta Míchumais a fhoilsiú sa chéad leath de 2008 | 2008 | Curtha i gcrích/Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |

In 2009, leanadh ar aghaidh le bheith ag díriú ar an obair le Ranna eile Rialtais chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht staitistiúil na dtaifead riaracháin.

- Mar chuid de chlár na dtuarascálacha téamacha, foilsíodh tuarascáil nua in 2009 ar Leanaí agus Daoine Óga in Éirinn 2008.

- Maidir leis an bhfreagracht as an obair a thabhairt ar aghaidh maidir le tionscadail staitistiúla ábhartha a aithint agus a chur chun feidhme chun sonraí as foinsí difriúla a nascadh, comhtháthaíodh isteach ina cuid d'obair leanúnach roinnt rannán de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh í lena n-áirítear rannán nuachruthaithe na Sonraí Riaracháin.

- Foilsíodh an chéad tuarascáil a bhain leis an Suirbhé Náisiúnta Míchumais i mí Dheireadh Fómhair 2008. Ullmhaíodh an dara himleabhar lenar clúdaíodh an chuid eile den cheistneoir in 2009 agus foilsíodh i mí Eanáir 2010 é.

## TFBeanna maidir le Staitisticí Gnó

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Baraiméadar faoin Ualach Freagartha a bhunú, a fhoilseofar ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh, lena léireofar an t-ualach a chuireann suirbhéanna na Príomh-Oifige Staidrimh ar ghnónna | 2010 | De réir an sceidil |
| Aicmiúchán athbhreithnithe na gníomhaíochta eacnamaíochta, *NACE Rev.2*, a sheoladh i ngach suirbhé ábhartha gnó do bhliain tagartha 2008 agus dóthain sonraí a dhátú siar go mbeifear in ann anailís a dhéanamh ar shraitheanna sonraí siarghabhálacha | 2010 | De réir an sceidil |
| Staitisticí maidir leis an déimeagrafaíocht fiontair a scaipeadh i rith 2008 agus páirt a ghlacadh i dtionscadal *EuroGroups Register* ó 2008 ar aghaidh | 2008 | De réir an sceidil |
| A mhéid a chlúdaítear le suirbhéanna bliantúla gnó foirgníochta agus déantúsaíochta a leathnú sa chaoi is go n-áireofar gach aicme fiontair, síos chuig trádálaithe aonair agus iad sin san áireamh | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Roinnt sraitheanna gearrthéarmacha a thabhairt isteach nó a fheabhsú, lena n-áirítear Táirgeacht Foirgníochta, Innéacs Láimhdeachais Seirbhísí, Sócmhainní Caipitil i Seirbhísí, Stoic i Seirbhísí, Turasóireacht go hÉireann agus Taisteal Thar Sáile | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| An t-ualach ar ghnónna (lena n-áirítear feirmeanna) a laghdú oiread agus is féidir trí úsáid níos mó a bhaint as sonraí riaracháin, lena n-áirítear úsáid níos mó a bhaint as Foirmeacha do Ghnóthais Bheaga, sampláil níos éifeachtúlaí, athúsáid a bhaint as sonraí arna mbailiú in áit eile sa Phríomh-Oifig Staidrimh agus réitigh teicneolaíochta eile | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Tuarascálacha staitistiúla níos soláimhsithe a thiomsú, amhail olleisiúint nua maidir le staitisticí iompair, agus tuarascálacha eile ar an Turasóireacht Amach as Éirinn, ar Ghnónna Teaghlaigh agus ar an Miondíoltóireacht in Éirinn | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Sraith táscairí um forbairt tuaithe/ inbhuanaitheacht a fhorbairt agus úsáid á baint as sonraí atá laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh cheana féin agus as sonraí riaracháin san earnáil phoiblí níos leithne | Ar siúl go leanúnach | Gan dul chun cinn ar bith déanta go dtí seo |
| Áireamh Talmhaíochta a reáchtáil in 2010 agus suirbhéanna bliantúla talmhaíochta an Mheithimh agus na Nollag a athdhearadh ionas go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as sonraí ó chláir na Roinne Talmhaíochta Bia agus Foraoiseachta ar mhaithe le staitisticí | 2010 | De réir an sceidil |
| Innéacsanna treoiruimhreacha nua a thiomsú i dtaobh praghsanna, ar a n-áireofar innéacsanna maidir le praghsanna ceannaithe títhe nua, le costais tógála tithe agus innéacsanna maidir le praghsanna táirgeoirí do sheirbhísí gnó. | 2010 | De réir an sceidil |

Le staitisticí gnó, cuimsítear staitisticí talmhaíochta, déantúsaíochta, foirgníochta, seirbhísí, iompair, turasóireachta, fiontraíochta, déimeagrafaíochta agus praghasanna. Bhí éileamh suntasach ann ó Choimisiún an AE, ón mBanc Ceannais Eorpach, ón earnáil phoiblí, ó na hearnálacha oideachais agus taighde, agus ón lucht gnó ar shonraí i gcónaí i gcaitheamh 2009.

Laghdaíodh an t-ualach a chuirtear ar fhiontair le foirmeacha staitistiúla 7% idir 2007 agus 2008. Próiseas leanúnach is ea an obair leis an ualach sin a laghdú, agus idir 2008 agus 2009, rinneadh na bearta seo a leanas agus é d'aidhm ag an Oifig an t-ualach ar fhreagróirí a íoslaghdú tuilleadh agus a bhainistiú:

- Tá an t-ualach freagartha á thomhas ag an bPríomh-Oifig Staidrimh agus tá na torthaí á bhfoilsiú aici sa *Tuarascáil Bhliantúil ar an Ualach Freagartha a leagtar ar Ghnónna na hÉireann.* Cuirfear leis an obair sin in 2010 trí thomhais ar an ualach sin a bheidh bunaithe ar an Múnla Caighdeánach Costais.

- Tríd an oiread úsáide a bhaint as cláir riaracháin agus is féidir agus an Oifig ag ullmhú le haghaidh Áireamh Talmhaíochta Mheitheamh 2010, is lú líon na gceisteanna a bheidh ar fheirmeoirí a fhreagairt maidir le beithígh, gránaigh agus suíomh na feirme. Dá bharr sin, is lú líon na bhfoirmeacha a bheidh ar fhreagróirí a chomhlánú freisin i suirbhéanna rialta talmhaíochta an Mheithimh agus na Nollag.

- Tugadh ceistneoirí giorraithe isteach go luath in 2009 do ghnóthais bheaga mar chuid den Fhiosrúchán Bliantúil faoi Sheirbhísí.

- Níor bailíodh an oiread sonraí sna Fiosrúcháin ráithiúla faoi Stoic agus faoi Shócmhainní in 2009.

- Tugadh faoin tsampláil ar fhiontair na hearnála seirbhíse ar bhealach níos éifeachtúla in 2009.

- Tá pleananna forbartha ag grúpa inmheánach, i rith 2009, maidir le húsáid níos mó a bhaint as sonraí riaracháin chun na suirbhéanna bliantúla struchtúracha gnó a fhorlíonadh - .i.e Áireamh na Táirgeachta Tionscail, an Fiosrúchán Bliantúil faoi Sheirbhísí agus an tÁireamh Tógála agus Foirgníochta. Cuirfear moltaí an ghrúpa chun feidhme ó 2010.

- Tá athbhreithniú á dhéanamh ar fhoirm an tsuirbhé don Suirbhé Ráithiúil ar an bhFoirgníocht agus táthar ag súil leis go seolfar foirm nua nach mbeidh an oiread ceisteanna inti chuig fiontair i mí Aibreáin 2010.

Ó thaobh staitisticí gnó, cuireadh na tuarascálacha agus anailísí nua nó leathnaithe seo a leanas ar fáil in 2009:

- Foilsíodh an tInnéacs nua ráithiúil de Phraghasanna Táirgeoirí Seirbhíse in 2009.
- Foilsíodh bliain-irisí bliantúla maidir le Staitisticí Iompair agus Turasóireachta ina raibh anailís níos mionsonraithe.
- Cuireadh feabhsúcháin ar na Fiosrúcháin faoi Shócmhainní Caipitil i Seirbhísí agus faoi Stoic i Seirbhísí in 2009.

Lena chois sin, rinneadh an dul chun cinn seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí staitistiúla in 2009:

- Táirgeadh staitisticí gearrthéarmacha arna n-aicmiú de réir an aicmiúcháin uasdátaithe ghníomhaíochta (*NACE Rev. 2*) de réir an sceidil i leith gach suirbhé ábhartha gnó in 2009 (seachas an tInnéacs Praghasanna Mórdhíola). Tá an obair maidir leis na suirbhéanna bliantúla struchtúracha de réir an sceidil go nglacfar *NACE Rev.2* in 2010.
- Tá an phleanáil ag leanúint ar aghaidh i ndáil leis an Áireamh Talmhaíochta in 2010.
- Cuireadh tús le Suirbhé nua feabhsaithe míosúil ar Thaisteal Teaghlaigh, chun teacht in ionad an tsuirbhé ráithiúil.
- Tá cuid mhaith dul chun cinn déanta maidir le sonraí struchtúracha nua a fhorbairt maidir leis na hearnálacha airgeadais agus árachais. Foilseofar na sonraí sin in 2010.
- Tá obair ar siúl faoi láthair maidir le hInnéacs Praghasanna Tithe a fhorbairt.
- Leathnaíodh na staitisticí Foirgníochta Bliantúla sa chaoi is go gclúdaítear na haicmí fiontair ar gach méid. Tá suirbhé á dhéanamh ar shampla de ghnóthais a bhfuil idir 3 agus 19 bhfostaí acu agus tá úsáid á baint as sonraí riaracháin chun torthaí i gcomhair na ngnónna is lú a mheas.
- Foilsíodh an Táirgeacht Mhíosúil Tionscail athbhunaithe (Bonn 2005=100) i mí Iúil 2009.
- Tá feabhas curtha ar mhodheolaíocht an fhiosrúcháin faoi Stoic Ráithiúla do Thionscal.

- Baineadh triail as Suirbhé nua Náisiúnta Taistil sa cheathrú ráithe de 2009 agus foilseofar na chéad torthaí ón turgnamh in 2010.

Ní dhearnadh aon dul chun cinn i ndáil le sraith táscairí um forbairt tuaithe/inbhuanaitheacht a fhorbairt trí úsáid a bhaint as sonraí atá laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh cheana féin agus as sonraí riaracháin atá san earnáil phoiblí níos leithne. Tá athrú tar éis teacht ar chúrsaí maidir leis na nithe a dtugtar tús áite dóibh agus níl aon cheanglas dlí ann go bhforbrófar an tsraith sin anois ná aon ghá suntasach ag úsáideoirí léi.

Déanfar an tInnéacs Praghasanna Mórdhíola a athbhunú (Bliain 2005=100) agus foilseofar i mí Bealtaine 2010 é. Tabharfar *NACE Rev. 2* isteach mar chuid de sin freisin.

# Ár gCláir Thacaíochta don Eagraíocht



## TFBeanna maidir le Córas Staitistiúil na hÉireann

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Sonraí staitistiúla comhiomlána a fhoilsiú ar bhonn cleachtaí meaitseála sonraí | Ar siúl go leanúnach | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Tacú le gach Roinn Rialtais agus a gcuid Straitéisí Sonraí Staitisticí á gcur chun feidhme acu | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Tairseach *StatCentral* a sheoladh le haghaidh staitisticí oifigiúla i mí Feabhra 2008 | 2008 | Níos luaithe ná mar a bhí sceidealaithe |
| *StatCentral* a leathnú ionas go gclúdófar raon iomlán staitisticí oifigiúla na hÉireann roimh dheireadh 2009 | 2009 | De réir an sceidil |
| Moladh go bhforbrófar aitheantóir uathúil gnó agus clár gnó lena gcuimseofar an córas ar fad, d'fhonn is go gcuirfear chun feidhme é | Ar siúl go leanúnach | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Eisiúintí téamacha a tháirgeadh maidir le hábhair éagsúla as sealúchais sonraí staitistiúla agus riaracháin | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |

- D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá eisiúint staitistiúla i rith 2009 ar bhonn cleachtaí meaitseála sonraí.
    - Náisiúnaigh Eachtracha: Na hUimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a leithdháiltear, gníomhaíocht Fostaíochta agus Leasa Shóisialaigh, atá á dtáirgeadh go bliantúil anois. Foilsíodh sonraí 2008 i mí na Nollag 2009 agus bhí siad breisithe go mór i gcomparáid le blianta roimhe.
    - Anailís ar Shreabha an Chláir Bheo, a foilsíodh den chéad uair i mí Feabhra 2010.
- Tugadh faoi chleachtaí meaitseála eile sonraí (féach Clár na nGníomhaíochtaí Meaitseála Sonraí ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh) ach níor foilsíodh eisiúintí staitistiúla dá thoradh sin.

- Tá tacaíocht soláthraithe ar iarraidh agus leanann an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aghaidh le bheith ag tacú le Ranna eile Rialtais agus a gcuid Straitéisí Sonraí agus Staitisticí á gcur chun feidhme in 2009 acu.

- Cuireadh láithreán gréasáin *StatCentral* ar fáil ar an idirlíon i mí Mhárta 2008 agus seoladh an láithreán go hoifigiúil i mí na Nollag 2008.

- Clúdaíodh beagnach na staitisticí uile a cuimsíodh mar chuid den leathnú ar *StatCentral* faoi dheireadh 2009 ach, ar ndóigh, beidh sraitheanna staitisticí oifigiúla "nua" á seoladh ar bhonn leanúnach agus beidh an tasc sin ina thasc leanúnach freisin mar sin.

- Ó thaobh forbairtí áirithe a mholadh, bhí an Phríomh-Oifig Staidrimh ag obair go dian chun comhthuiscint a fhorbairt i leith choincheap an Aitheantóra Uathúil Gnó. Forbairt shuntasach a tharla i rith 2009 ab ea comhaitheantóir gnó a forbraíodh agus an Phríomh-Oifig Staidrimh agus na Coimisinéirí Ioncaim obair le chéile. Éascaíonn an t-aitheantóir leis na Coimisinéirí Ioncaim sonraí a sholáthar don Phríomh-Oifig Staidrimh. Forbairt is ea é sin a mbaineann an-tábhacht léi i gcomhthéacs ár straitéise leis an ualach freagartha a bhainistiú.

- Bunaíodh grúpa tras-rannach, a bhfuil an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ina cathaoirleach air, in 2007 le scrúdú a dhéanamh ar a indéanta is a bheadh sé aitheantóir uathúil gnó agus clár gnó gaolmhar a thabhairt isteach.

- Tháirg an Phríomh-Oifig Staidrimh thuarascáil iltéamacha i rith 2009:

  - Forás na hÉireann faoi Mheas, foilsíodh an tuarascáil is déanaí, do bhliain tagartha 2008, i mí Lúnasa 2009;

  - Mná agus Fir in Éirinn, foilsíodh an tuarascáil is déanaí do bhliain tagartha 2008, i mí Aibreáin 2009

  - Foilsíodh tuarascáil nua, Leanaí agus Daoine Óga in Éirinn, i mí Mheitheamh 2009.

Táirgtear tuarascálacha iltéamacha eile ó am go chéile, lena n-áirítear

- Ag Dul in Aois in Éirinn
- An Comhionannas in Éirinn
- An Cháilíocht Beatha sna Réigiúin in Éirinn
- Ollfhoilseachán maidir le Staitisticí Iompair

## TFBeanna maidir leis an Ualach Freagartha a Bhainistiú

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Feidhm a bhaint as sealúchais sonraí atá ann cheana féin, idir shealúchais sonraí riaracháin agus staitistiúla, chun riachtanais staitistiúla a chomhlíonadh | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Staitisticí struchtúracha gnó a úsáid chun riachtanais staitistiúla fobhliantúla (staitisticí gearrthéarmacha) a chomhlíonadh | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Tionscnaimh ríomh-Rialtais a chur chun feidhme chun meicníocht soláimhsithe a sholáthar do ghnónnna le sonraí staitistiúla a sholáthar | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tiomanta i gcónaí don ualach freagartha a bhainistiú.

- Tá modheolaíochtaí á bhforbairt ag an bPríomh-Oifig Staidrimh chun úsáid sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim a chur in ionad na suirbhéireachta ar ghnónna, i múnlaí cúlchéimniúcháin, nó an tsuirbhéireacht sin a fhorlíonadh le húsáid shonraí na gCoimisinéirí. Tá an obair tagtha chun cinn go mór agus tabharfar aghaidh léi ar shaincheist an ualaigh go háirithe d'fhiontair bheaga agus ar mheánmhéide.

- Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na ngnónna a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2009 de bharr forbairtí i réimse an Chláir Ghnó dár gcuid, go háirithe de bharr na hoibre ailíniúcháin le foinsí sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim.

- Bhunaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh Rannán nua i rith 2009, an tIonad Sonraí Riaracháin (ISR) chun fócas inmheánach a sholáthar chomh maith le comhleanúchas inár ngníomhaíochtaí le leas a bhaint as foinsí sonraí atá ann cheana féin.

- Tá laghdú tagtha ón gcéad ráithe de 2009 ar leibhéal na faisnéise a bhailítear i suirbhéanna ráithiúla gnó ar an infheistíocht i sócmhainní caipitil. Tá an laghdú sin ar leibhéal na sonraí a bhailítear tagtha de thoradh na meastachán mionsonraithe is déanaí ó na suirbhéanna struchtúracha gnó a bheith curtha i bhfeidhm i leith mhéid laghdaithe na faisnéise ráithiúla a bhailítear.

- Ó thaobh cúrsaí ríomh-sheirbhísí Rialtais, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag leanúint ar aghaidh le bheith ag leathnú líon na réimsí suirbhéanna trí úsáid a bhaint as na foirmeacha leictreonacha dár gcuid.

- Tá modúil staitistiúla curtha isteach ina gcuid de na feidhmchláir bogearraí párolla atá ag cuid mhór soláthraithe freisin chun na riachtanais dár staitisticí maidir le tuilleamh agus costais saothair a chomhlíonadh.

- Lena chois sin, leanann an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aghaidh le bheith ag iniúchadh acmhainneacht *XBRL* ó thaobh na riachtanas staitistiúil a chaithfidh gnónna a chomhlíonadh. Ba cheart a thabhairt do d'aire áfach gur straitéis níos fadtéarmaí í sin áfach.

## TFBeanna maidir le Clár Gnó na Príomh-Oifige Staidrimh a Fhorbairt

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Leanúint ar aghaidh le cáilíocht na faisnéise arna coinneáil ar an gclár a fheabhsú | Ar siúl go leanúnach | Níos luaithe ná mar a bhí sceidealaithe |
| Raon/clúdach Chlár Gnó Lárnach na Príomh-Oifige Staidrimh a leathnú chun ceanglais an AE agus ceanglais náisiúnta a chomhlíonadh | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Staitisticí maidir leis an déimeagrafaíocht ghnó a scaipeadh i rith 2008 | 2008 | Níos luaithe ná mar a bhí sceidealaithe |

Lean an obair ar aghaidh in 2009 maidir le Clár gnó na Príomh-Oifige Staidrimh a ailíniú tuilleadh le foinsí riaracháin.

- Tá nósanna imeachta nua curtha chun feidhme ag an Phríomh-Oifig Staidrimh chun leas a bhaint as sonraí riaracháin lena gcuirtear ar ár gcumas fiontair nua agus scortha a aithint níos luaithe, chun an clár gnó a thabhairt cothrom le dáta. Éascaíonn na nósanna imeachta sin leis an Oifig na hathróga srathaithe eacnamaíochta a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn níos tráthúla freisin. Is é an príomhrud a bhrúnn an obair sin ar aghaidh ná an ceanglas le staitisticí maidir leis an Déimeagrafaíocht Gnó ón gClár Gnó Lárnach a fhoilsiú.

- Táimid ag comhlíonadh ceanglas i leith reachtaíocht an AE. De bharr go mbaintear leas as foinsí riaracháin, bhíothas in ann suirbhéireacht níos fearr a dhéanamh ar níos mó fiontar leis an gClár Gnó, lena n-áirítear grúpaí fiontair agus fiontair ar beag fostaíocht, nó fostaíocht ar bith a bhaineann leo (féinfhostaíocht). Is é an príomhrud a chuireann ar ár gcumas é sin a dhéanamh ná an caidreamh breisithe idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) agus an Phríomh-Oifig Staidrimh agus na Coimisinéirí Ioncaim.

- Foilsíodh Staitisticí maidir leis an Déimeagrafaíocht Gnó trí Phríomhsheirbhís Scaipthe Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh i mí Mheitheamh 2009-arna n-aicmiú de réir aicmiúchán gníomhaíochta eacnmaíochta *NACE Rev1* le bliain tagartha 2007. Rachaimid ar aghaidh leis na sonraí a dhí-chomhbhailiú ar bhonn níos mionsonraithe in 2010 le *NACE Rev2* agus bliain tagartha 2008.

## Sonraí a Scaipeadh

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Eisiúint leictreonach a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe ó 2009 | 2009 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Staitisticí uile na Príomh-Oifige Staidrimh a scaipeadh trí *Database Direct* | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís óstála sonraí staitistiúla ar an idirlíon a fhorbairt agus a leathnú d'eagraíochtaí na hearnála poiblí | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |

Lean obair ar aghaidh in 2009 maidir leis na bealaí a scaiptear sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh a fheabhsú.

- Mar gheall ar dhúshláin ó thaobh cúrsaí teicneolaíochta, in éineacht le srianta ar an gcaiteachas ar theicneolaíocht faisnéise, cuireadh moill ar dhul chun cinn maidir le heisiúintí leictreonacha a thabhairt isteach.
- Tá thart ar 90% de na staitisticí rialta ar fad a fhoilsítear ar pháipéar ar fáil ar *Database Direct* agus i bhfoirm níos dí-chomhbhailithe i gcuid mhaith cásanna.
- Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tar éis leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú le heagraíochtaí atá ann cheana féin agus le leathnú na seirbhíse óstála sonraí staitistiúla ar an idirlíon a chur chun cinn d'eagraíochtaí na hearnála poiblí.

## Cáilíocht a Dhearbhú

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Modheolaíochtaí, lena gcuimseofar an Oifig ar fad, a fhorbairt agus a chur chun feidhme do phróisis staitistiúla éagsúla | Ar siúl go leanúnach | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Ceardlanna staitistiúla agus oiliúint maidir le modhanna staitistiúla a sholáthar don fhoireann | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Polasaí foirmiúil don tuairisceoireacht ardcháilíochta a chur chun feidhme | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Athbhreithnithe a dhéanamh ar phróisis/aschuir gach réimse den Oifig go rialta | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |

D'aithin an Phríomh-Oifig Staidrimh i gcónaí go mbaineann tábhacht rímhór le cáilíocht na sonraí chun muinín an phobail as staitisticí oifigiúla a choinneáil ar bun. Bhí an méid seo a leanas i measc na bhforbairtí buntábhachtacha a tharla in 2009:

- Forlíonadh Caighdeáin agus Treoirlínte na hOifige le nótaí níos mionsonraithe, mar shampla, i réimse na seicliostaí le haghaidh sonraí ón Oifig a scaipeadh agus i réimse na ríomhaireachta ag críochúsáideoirí.

- Tá oiliúint soláthraithe ag saineolaithe idirnáisiúnta i réimsí na samplála, maidir le neamhfhreagairt a bhainistiú agus san anailís chúlchéimniúcháin. Reáchtáladh cúrsaí inmheánacha chun an oiliúint sin a fhorlíonadh.

- I ndáil le beartas foirmiúil a chur chun feidhme don tuairisceoireacht ardcháilíochta, tugadh beartas oifige chun críche agus tá sé á úsáid ag réimsí gnó. Tá líon mór de na tuarascálacha sin ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh.

- Tá athbhreithnithe staitistiúla agus neamhstaitistiúla leanúnacha á ndéanamh i ndáil le próisis agus aschuir gach réimse den Oifig.

- Gníomhaíocht leanúnach don eagraíocht is ea modheolaíochtaí, a chuirfear chun feidhme san Oifig ar fad, a fhorbairt do phróisis staitistiúla. Mar gheall ar an teorainn ar acmhainní, is é an straitéis atá againn ná go bhfoghlaimeofaí ó eagraíochtaí staitistiúla idirnáisiúnta eile.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Seirbhísí Corparáideacha

### TFBeanna maidir leis an Teicneolaíocht Faisnéise (TF)

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| An Córas Bainisteoireachta Sonraí (CBS) nua a chur chun feidhme mar chroí-chóras na Príomh-Oifige Staidrimh le sonraí staitistiúla a phróiseáil ó 2008 ar aghaidh | 2008 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Ár mbogearraí anailíse staitistiúla a uasghrádú, ó 2008 go dtí 2010, ionas go mbeidh cumas éirime gnó curtha isteach mar chuid díobh | 2010 | De réir an sceidil |
| Straitéis TF a fhorbairt chomh maith le plean leis an straitéis a chur chun feidhme, chun riachtanais straitéiseacha na Príomh-Oifige Staidrimh don tréimhse 2008 go dtí 2012 a chomhlíonadh | 2008 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Seirbhísí TF a sheachadadh chun tacú lenár n-aschur staitistiúil nua agus lenár gcláir saothair nua um nuáil | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Próisis rialachais agus seachadta seirbhíse, atá bunaithe ar *ITIL*, a chur chun feidhme chun tacú le seirbhísí ardcháilíochta TF | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Monatóireacht agus tuairisceoireacht a dhéanamh ar mar a sheachadtar ár seirbhísí TF, agus méadrachtaí cuí á n-úsáid | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |

- Cé go raibh an próiseas le haistriú go dtí an Córas Bainisteoireachta Sonraí níos moille ná mar a rabhthas ag súil leis, tá sé á úsáid i leith 30 suirbhé anois, agus tá sé i gceist go n-úsáidfear i leith idir sé agus deich gcinn de shuirbhéanna breise in 2010. I rith 2009, chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh deireadh leis an gconradh tacaíochta seachtraí chun an CBS a chothabháil

agus tacaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh leis an gcóras ar bhonn iomlán inmheánach anois.

- D'éirigh leis an Oifig an t-ardán *SAS Business Intelligence* (*SAS BI*) a chur chun feidhme in 2009 agus bhí thart faoi leathchuid d'úsáideoirí na mbogearraí sin don anailís sonraí aistrithe chuig an ardán nua faoi dheireadh 2009. Cuirfear an próiseas aistrithe i gcrích in 2010.

- Foilseodh Straitéis TF na Príomh-Oifige Staidrimh i gcomhair 2010 go 2012 i mí Aibreán 2010. Is é is aidhm leis an straitéis ná ailtireacht ár bhfeidhmchlár a chomhdhlúthú, agus tá an CBS agus *SAS BI* ina gcuid lárnach den ailtireacht sin.

- Tugadh tuairisc níos mionsonraithe ar ár riachtanais maidir le haschuir agus an nuáil i bPlean 2009 um Forbairt Gnó agus na hEagraíochta. Tá an straitéis nua TF ag teacht go dlúth leis na riachtanais ghnó sin.

- Táimid ag leanúint ar aghaidh leis an múnla seachadta seirbhíse, bunaithe ar *ITIL*, a leathnú mar chuid den chur chuige foriomlán i leith an rialachas agus an chinnteoireacht i ndáil le TF a fheabhsú.

- Bunófar méadrachtaí leis an straitéis TF freisin, chun monatóireacht níos éifeachtaí a dhéanamh ar an mbealach lena seachadtar seirbhís TF.

## TFBeanna maidir le hAcmhainní Daonna (AD)

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Straitéis uasdátaithe a ullmhú maidir le hAD chun tacú le riachtanais straitéiseacha na Príomh-Oifige Staidrimh agus Chóras Staitistiúil na hÉireann faoi dheireadh 2008 | 2008 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Polasaithe AD a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme ar aon dul lenár straitéis fhoriomlán | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Cláir oiliúna a sheachadadh chun na scileanna TF, staitistiúla agus bainisteoireachta atá ag teastáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh, a chomhlíonadh | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Leanúint ar aghaidh le húsáid a bhaint as CBFF mar chroí-thaca chun feidhmíocht agus forbairt phearsanta a bhainistiú | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| An ghluaiseacht, go dtí arduithe céime a bheidh iomlán iomaíoch agus bunaithe ar fhiúntas, a chur i gcrích | 2010 | De réir an sceidil |
| Riachtanais scileanna, a gcaithfear daoine a earcú go díreach dóibh, a aithint agus comórtais eacaíochta ábhartha a chur chun feidhme | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Forálacha I dTreo 2016, maidir leis an nuachóiriú, a chur chun feidhme chomh maith le comhaontuithe ábhartha eile | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Cleachtais nua nuálacha oibre a chur chun feidhme, ar aon dul lenár spriocanna ardleibhéil agus tosaíochtaí corparáideacha | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Clár oibre na comhpháirtíochta a leathnú amach go gcuimhneofar ar shaincheisteanna tábhachtacha straitéiseacha agus oibriúcháin. | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |

- Ullmhófar straitéis uasdátaithe AD in 2010. Léireofar sa staidéar na nithe ó thaobh cúrsaí gnó a dtabharfar tús áite dóibh agus a aithníodh i bPlean na Príomh-Oifige Staidrimh um Forbairt Gnó agus na hEagraíochta agus in athbhreithniú seachtrach an Chláir um Athbhreithniú Eagraíochta ar an Oifig.

- In 2009 leanamar ar aghaidh le hoiliúint a sheachadadh a bhí dírithe ar riachtanais na Príomh-Oifige Staidrimh, le béim ar raon na hoiliúna staitistiúla a leathnú.

- Táimid ag leanúint ar aghaidh le CBFF a úsáid chun róil indibhidiúla a shainmhíniú, chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus chun forbairt phearsanta na foirne a threorú. Rud a bhfuil tús áite le tabhairt dó in 2010 ná gur fearr mar a chomhlíonfar córais CBFF.

- Líontar tromlach na bpost sa Phríomh-Oifig Staidrimh ina mbíonn ardú céime i gceist do dhuine, ar bhonn fiúntais agus ar bhealach lena léirítear na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhíonn riachtanach don phost.

- Leanfaimid ar aghaidh le bheith ag cur an chleachtais is fearr chun feidhme i gcomhair na hearcaíochta agus arduithe céime, ar aon dul le Cód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

- I rith 2009, d’aithin an Oifig gur gá scileanna TF a earcú ón margadh agus tá comórtas lena aghaidh sin á eagrú in 2010. Déanfar athbhreithniú ar an modheolaíocht le staitisteoirí a earcú in 2010 freisin.

- Reáchtáil an Coiste Comhpháirtíochta sé chruinniú 2009 agus chuidigh sé sin leis an bplé faoi shaincheisteanna corparáideacha agus straitéiseacha.

## TFBeanna maidir le Cúrsaí Riaracháin agus Airgeadais

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Foirgnimh na Príomh-Oifige Staidrimh agus bonneagar eile a chothabháil agus a athchóiriú ar bhonn timthriallach, chun ár gceanglais ghnó agus ó thaobh custaiméirí agus na hinrochtaineachta a chomhlíonadh | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Ráitis Sábháilteachta na hOifige a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach agus tacú le riachtanais Ionadaithe Sábháilteachta agus bhaill an Choiste Sláinte Sábháilteachta agus Leasa | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Feabhsuithe, ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh, a chur chun feidhme inár bhfoirgnimh, i gcomhairliúchán le hOifig na nOibreacha Poiblí | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Leanúint ar aghaidh le faisnéis bhainistíochta a sholáthar agus raon agus infhaighteacht ár dtáscairí bainistíochta agus feidhmíochta ar-deasc a leathnú | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Faisnéis chuntasaíochta ar bhonn fabhraithe a chur isteach ina cuid dár dtuarascálacha bainistíochta | 2010 | De réir an sceidil |

Ag trí ionad ár n-oifigí i gCorcaigh, Soird agus Ráth Maonais, bímid ag féachaint le timpeallacht oibre ardcháilíochta sábháilte a sholáthar.

D’oibrigh an Phríomh-Oifig Staidrimh go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith 2009 chun feabhsúcháin le fuinneamh a shábháil a aithint agus a chur chun feidhme sna trí phríomhionad foirgnimh dár gcuid.

- I rith 2010, táirgfimid faisnéis chuntasaíochta fabhraithe phíolótach agus déanfaimid meastóireacht ar a húsáid mar chuid dár gcórais tuairisceoireachta bainistíochta.

### TFBeanna maidir le Seirbhís do Chustaiméirí

| Gníomhartha na dTFB | Spriocdháta | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Monatóireacht agus tuairisceoireacht a dhéanamh ar an bpróiseas lenár bPlean Gníomhaíochta a chur chun feidhme maidir le Seirbhís do Chustaiméirí | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Scéim Teangacha Oifigiúla na Príomh-Oifige Staidrimh 2007-2010 a chur chun feidhme | 2010 | De réir an sceidil |
| An Cód Cleachtais, um Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí, a chur chun feidhme agus leanúint ar aghaidh leis an timpeallacht fhisiciúil a fheabhsú do chustaiméirí agus don fhoireann | Ar siúl go leanúnach | De réir an sceidil |
| Leabhar tagartha na Príomh-Oifige Staidrimh um Shaoráil Faisnéise (Treoir maidir le Feidhmeanna, Taifid, Rialacha agus Cleachtais na Príomh-Oifige Staidrimh) a thabhairt cothrom le dáta in 2008 | 2008 | Níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe |
| Monatóireacht a dhéanamh ar thráthúlacht ár n-eisiúintí agus ár bhfoilseachán staitistiúil, i Monatóir Tráthúlachta na Príomh-Oifige Staidrimh | Ar siúl go leanúnach | Níos luaithe ná mar a bhí sceidealaithe |

- Cuireadh moill ar leabhar tagartha na Príomh-Oifige Staidrimh um Shaoráil Faisnéise in 2009 mar gheall ar bhrú a bhain le hobair eile. Tá sé áirithe mar ní a dtabharfar tús áite dó i bPlean Gníomhaíochta Rannánach 2010 agus sa Phlean Gnó Áitiúil leis an aidhm go bhfoilseofar in 2010 é.

# Aguisín

# Aguisín 1

## Monatóir Tráthúlachta

### Ginearálta Staitistiúla agus Téamacha

| Foilseachán | Minicíocht | Eagrán | Tráthúlacht Reatha<br>Foilsithe faoi cheann | Caighdeán Idirnáisiúnta | Targaid do 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Mí a Fhoilsítear | |
| ***Tréimhseacháin*** | | | | | |
| Blian-Iris Staidrimh Bliantúil | Bliain | 2009 | Samhain 2009 | gan taifead | Samhain |
| Éire Thuaidh agus Theas | Anois is arís | 2008 | Iúil 2008 | gan taifead | gan taifead |
| ***Tuarascálacha Téamacha*** | | | | | |
| Staitisticí maidir le Sochaí na Faisnéise | Bliain | 2009 | Nollaig 2009 | gan taifead | Nollaig |
| Gnóthais Bheaga in Éirinn | Bliain | 2008 | Beal. 2008 | gan taifead | Márta |
| Foirgníocht agus Tithíocht in Éirinn | Débhliantúil | 2006 | Samhain 2008 | gan taifead | Iúil |
| Staitisticí Iompair | Bliain | 2008 | Samhain 2009 | gan taifead | Nollaig |
| Gnónna Teaghlaigh | Anois is arís | 2005 | Feabhra 2008 | gan taifead | gan taifead |
| Forás na hÉireann faoi Mheas | Bliain | 2008 | Lúnasa 2009 | gan taifead | Aibreán |
| Mná agus Fir in Éirinn | Bliain | 2009 | Abreán 2009 | gan taifead | Nollaig |
| An Comhionannas in Éirinn | Gach cúig bliana | 2007 | Samhain 2007 | gan taifead | gan taifead |
| Ag Dul in Aois in Éirinn | Gach cúig bliana | 2007 | Lúnasa 2007 | gan taifead | gan taifead |
| An Cháilíocht Beatha sna Réigiúin | Gach cúig bliana | 2008 | Meitheamh 2008 | gan taifead | gan taifead |
| Suirbhé Náisiúnta Míchumais | | | | | |
| Na chéad torthaí | Anois is arís | 2006 | D. Fómhair 2008 | gan taifead | gan taifead |
| Imleabhar 2 | Anois is arís | 2006 | Eanáir 2010 | gan taifead | gan taifead |

## Staitisticí Eacnamaíochta

| Foilseachán | Minicíocht | Eagrán | Tráthúlacht Reatha<br>Foilsithe faoi cheann | Caighdeán Idirnáisiúnta | Targaid do 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | *Laethanta ach sa chás go ndeirtear a mhalairt* | | |
| ***Staitisticí Eacnamaíochta*** | | | | | |
| Comhardú na nÍocaíochtaí | Ráithe | R3 2009 | 78 | 90 | 90 |
| Staid na hInfheistíochta Idirnáisiúnta | Bliain | 2008 | 43 seacht. | 39 seacht. | 39 seacht. |
| Fiachas Seachtrach | Ráithe | R3 2009 | 98 | 90 | 90 |
| Sealúchais Urrús Punainne Iasachta ag Cónaitheoirí | Bliain | 31 Nollaig | 43 seacht. | 39 seacht. | 39 seacht. |
| Infheistíocht Dhíreach Iasachta | Bliain | 2008 | 47 seacht. | 91 seacht. | 52 seacht. |
| Easpórtálacha agus Iompórtálacha Seirbhíse | Bliain | 2008 | 49 seacht. | 39 seacht. | 39 seacht. |
| Cuntais Náisiúnta Bhliantúla | | | | | |
| Torthaí Achomaire | Bliain | 2007 | 26 seacht. | gan taifead | 26 seacht. |
| Foilseachán | Bliain | 2008 | 26 seacht. | 39 seacht. | 34 seacht. |
| Cuntais Náisiúnta Ráithiúla | Ráithe | R3 2009 | 78 | 70 | 70 |
| Cuntais Earnáil na nInstitiúidí | | | | | |
| Torthaí Airgeadais | Bliain | 2008 | 24 seacht. | 39 seacht. | 26 seacht. |
| Torthaí Neamhairgeadais | Bliain | 2008 | 45 seacht. | 39 seacht. | 39 seacht. |
| Ioncam na gContaetha & Olltáirgeacht | | | | | |
| Intíre Réigiúnach | Bliain | 2007 | 105 seacht. | 104 seacht. | 104 seacht. |
| Táblaí um Sholáthar & Úsáid | Bliain | 2006 | 166 seacht. | 156 seacht. | 156 seacht. |
| ***Trádáil Sheachtrach*** | | | | | |
| Eisiúint mhionsonraithe | Mí | Samh. 2009 | 86 | 70 | 80 |
| ***Staitisticí Comhshaoil*** | | | | | |
| Cuntais Chomhshaoil (Astaíochtaí go hAer) | Bliain | 2005 | 73 seacht. | gan taifead | 65 seacht. |

## Staitisticí Sóisialta agus Déimeagrafacha

| | | | Tráthúlacht Reatha | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Foilseachán | Minicíocht | Eagrán | Foilsithe faoi cheann | Caighdeán Idirnáisiúnta | Targaid do 2010 |
| | | | | *Laethanta ach sa chás go ndeirtear a mhalairt* | |
| ***Margadh Saothair*** | | | | | |
| Clár Beo | | | | | |
| Clár Beo | Mí | Feabh 2010 | 3 | 7 | 7 |
| Aois de réir Tréimhse | Leathbhliain | Aib. 2009 | 14 | gan taifead | 28 |
| Anailís ar Dhíospóidí Tionscail | Ráithe | R4 2009 | 61 | 91 | 56 |
| SNRT | Ráithe | R3 2009 | 77 | 90 | 70 |
| EU-SILC | Bliain | 2008 | 46 seacht. | 40 seacht. | 47 seacht. |
| Suirbhé Buiséid Teaghlaigh (SBT) | Gach cúig bliana | 2004/05 | 78 seacht. | gan taifead | gan taifead |
| ***Staitisticí Beatha*** | | | | | |
| Eisiúint | Ráithe | R2 2009 | 30 seacht. | gan taifead | 17 seacht. |
| Achoimre Bliantúil (Sonraí Clárúcháin) | Bliain | 2008 | 35 seacht. | 52 seacht. | 17 seacht. |
| Foilseachán | Bliain | 2005 | 129 seacht. | 78 seacht. | 95 seacht. |
| Ainmneacha Bhabaithe na hEireann | Bliain | 2008 | 35 seacht. | gan taifead | 17 seacht. |
| Póstaí | Bliain | 2006 | 130 seacht. | gan taifead | 28 seacht. |
| ***Tuilleamh & Costais Fhostaíochta*** | | | | | |
| Earnáil Phoiblí | | | | | |
| Fostaíocht | Ráithe | R3 2009 | 11 seacht. | gan taifead | - |
| Tuilleamh | Ráithe | R3 2009 | 11 seacht. | gan taifead | - |
| Tuilleamh Dáileacháin & Seirbhísí | Ráithe | R4 2008 | 156 | gan taifead | - |
| Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta | Bliain | 2007 | 80 seacht. | 78 seacht. | 52 seacht. |
| Tuilleamh & Costais Saothair | | | | | |
| Réamhthorthaí | Ráithe | R2 2009 | 143 | 90 | 90 |
| Torthaí Deiridh | Ráithe | R2 2009 | 25 seacht. | 26 seacht. | 26 seacht. |
| ***Coireacht agus Ceartas Coiriúil*** | | | | | |
| Minicíocht na Coireachta | Ráithe | R4 2009 | 28 | gan taifead | 28 |
| Staitisticí Coireachta Taifeadta na nGardaí | Bliain | 2008 | 60 seacht. | gan taifead | 52 seacht. |

## Staitisticí Gnó

| Foilseachán | Minicíocht | Tráthúlacht Reatha<br>Eagrán | Foilsithe faoi cheann | Caighdeán Idirnáisiúnta | Targaid do 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | *Laethanta ach sa chás go ndeirtear a mhalairt* | |
| ***Tionscal*** | | | | | |
| Táirgeacht & Láimhdeachas | Mí | Eanáir 2010 | 39 | 45 | 41 |
| Stoic Tionscail | Ráithe | R3 2009 | 28 seacht. | gan taifead | 15 seacht. |
| Sócmhainní Caipitil i dTionscal | Ráithe | R3 2009 | 28 seacht. | gan taifead | 15 seacht. |
| Luathmheastachán d'Áireamh na Táirgeachta Tionscail | Bliain | 2008 | 48 seacht. | 43 seacht. | 43 seacht. |
| Foilsiú Áireamh na Táirgeachta Tionscail | Bliain | 2006 | 101 seacht. | 78 seacht. | 73 seacht. |
| Prodcom | Bliain | 2008 | 36 seacht. | 26 seacht. | 26 seacht. |
| ***Tógáil*** | | | | | |
| Fostaíocht | Mí | Samh. 2008 | 82 | 60 | 42 |
| Tuilleamh | Ráithe | R3 2008 | 163 | 90 | 84 |
| Ceadanna Pleanála | Ráithe | R3 2009 | 76 | 90 | 90 |
| Daonáireamh | Bliain | 2006 | 82 seacht. | 78 seacht. | 78 seacht. |
| Innéacs Táirgeachta Tógála agus Foirgníochta | | | | | |
| Chéad Mheastacháin | Ráithe | R4 2009 | 79 | 60 | 60 |
| Torthaí Deiridh | Ráithe | R2 2009 | 24 seacht. | 17 seacht. | 17 seacht. |
| ***Seirbhísí*** | | | | | |
| Treoiruimhir Díolachán Miondíola | | | | | |
| Sealadach | Mí | Nollaig 2009 | 40 | gan taifead | 40 |
| Torthaí Deiridh | Mí | Nollaig 2009 | 62 | 90 | 71 |
| Fiosrúchán Bliantúil faoi Sheirbhísí | Bliain | 2007 | 95 seacht. | 78 seacht. | 78 seacht. |
| Taisteal Thar Sáile | Mí | Nollaig 2009 | 54 | gan taifead | 49 |
| Turasóireacht & Taisteal | Ráithe | R3 2009 | 82 | 90 | 70 |
| Turasóireacht & Taisteal | Bliain | 2008 | 121 | 182 | 84 |
| Suirbhé ar Thaisteal Teaghlaigh | Ráithe | R1 2009 | 107 | gan taifead | 84 |
| Fiosrúchán faoi Lasta Bóthair | Bliain | 2008 | 39 seacht. | 21 seacht. | 32 seacht. |
| Staitisticí faoi Thrácht Calafoirt | Bliain | 2008 | 26 seacht. | 34 seacht. | 26 seacht. |
| Ceadúnúchán Feithiclí | | | | | |
| Torthaí Deiridh | Mí | Feabh 2010 | 8 | gan taifead | 31 |
| Bliantúil | Bliain | 2008 | 30 | gan taifead | 35 |
| ***Praghasanna*** | | | | | |
| Innéacs Praghasanna Tomhaltóirí | Mí | Feabh 2010 | 11 | 17-19 | 8-16 |
| IPT – Anailís ar Mheánphraghasanna | Leathbhliain | Beal. 2008 | 19 | gan taifead | 30 |
| Innéacs Praghasanna Mórdhíola | Mí | Eanáir 2010 | 25 | 45 | 25 |

## Daonáireamh

| Foilseachán | Minicíocht | Eagrán | Foilsithe faoi cheann | Caighdeán Idirnáisiúnta | Targaid do 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Tráthúlacht Reatha | | | |
| | | | | *Laethanta ach sa chás go ndeirtear a mhalairt* | |
| Meastacháin Daonra/Imirce (Aibreán) | Bliain | 2009 | 145 | gan taifead | 70 |

## Staitisticí Talmhaíochta

| Foilseachán | Minicíocht | Eagrán | Foilsithe faoi cheann | Caighdeán Idirnáisiúnta | Targaid do 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Tráthúlacht Reatha | | | |
| | | | | *Laethanta ach sa chás go ndeirtear a mhalairt* | |
| ***Talmhaíocht*** | | | | | |
| Praghasanna | | | | | |
| Ionchuir/Aschuir | Mí | Nollaig 2009 | 54 | 49 | 49 |
| Meastacháin Tosaigh | Bliain | 2009 | 57 | 28 | 35 |
| Iascach | Bliain | 2004 | 117 seacht. | gan taifead | 80 seacht |
| Díolacháin Talún | Ráithe | R1 2005 | 21 seacht | gan taifead | 21 seacht |
| Aschur, Ionchur, Ioncam | | | | | |
| Meastacháin Roimh Ré | Bliain | 2009 | -24 | -28 | -21 |
| Meastacháin Tosaigh | Bliain | 2009 | 57 | 28 | 35 |
| Meastacháin Deiridh | Bliain | 2008 | 25 seacht | 39 seacht | 26 seacht |
| Cuntais Réigiúnacha | Bliain | 2007 | 39 seacht | gan taifead | 45 seacht |
| ***Suirbhé an Mheithimh ar Bharra agus ar Bheostoic*** | | | | | |
| Sealadach | Bliantúil | 2009 | 20 seacht | 15 seacht | 15 seacht |
| Torthaí Deiridh | Bliantúil | 2008 | 43 seacht | 20 seacht | 20 seacht |
| Saothar | Bliantúil | 2001 & 2002 | 48 seacht | 34 seacht | 48 seacht |
| Barra a Táirgeadh | Bliain | 2008 | 21 seacht | 39 seacht | 29 seacht |
| Suirbhé na Nollag | Bliantúil | 2008 | 10 seacht | 24 seacht | 24 seacht |
| Líon an Tréada | Débhliantúil | 2003 & 2005 | 106 seacht | gan taifead | 65 seacht |
| Suirbhé an Mheithimh ar Mhuca | Bliantúil | 2008 | 22 | 105 | 56 |
| Staitisticí Bainne | Mí | Eanáir 2010 | 26 | 45 | 31 |
| Suirbhé ar Thuilleamh | Trébhliantúil | 2001 | 31 seacht | gan taifead | 30 seacht |
| Maruithe | Mí | Eanáir 2010 | 25 | 60 | 30 |
| ***Iarmhéideanna Soláthair*** | | | | | |
| Feoil | Bliantúil | 2007 | 53 seacht | gan taifead | 29 seacht |
| Bainne | Bliantúil | 2008 | 27 seacht | gan taifead | 30 seacht |
| Gránaigh | Bliantúil | 2007-2008 | 25 seacht | gan taifead | 43 seacht |

# Aguisín 2

## Tuarascail Airgeadais

### AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH

**I.** Meastachán ar an tsuim a bheidh ag teastáil sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 do thuarastail agus speansais na Príomh-Oifige Staidrimh.

**Caoga is seacht milliún, ocht gcéad tríocha a dó míle euro**
**(€57,832,000)**

**II.** Tabharfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh cuntas i bhfo-cheannteidil faoin Vóta seo.

| | **Toradh Sealadach 2009** | | | **Meastachán 2010** | | | Athrú 2010 ar 2009 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | |
| **Riarachán*** | €000 | €000 | **€000** | €000 | €000 | **€000** | % |
| A.1 TURASTAIL, PÁNNA AGUS LIÚNTAIS | 38,540 | - | **38,540** | 37,964 | - | **37,964** | -1% |
| A2 TAISTEAL AGUS COTHÚ | 1,135 | - | **1,135** | 1,238 | - | **1,238** | 9% |
| A3 - FOCHOSTAIS | 1,572 | - | **1,572** | 2,080 | - | **2,080** | 32 |
| A4 - SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDÍ | 1,225 | - | **1,225** | 1841 | - | **1,841** | 50% |
| A5 - INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ EILE OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA | 4,701 | - | **4,701** | 10,513 | - | **10,513** | 124% |
| A.6 - SPEANSAIS MAIDIR LE hÁITRIBH OIFIGE: | 1,602 | - | **1,602** | 1,788 | - | **1,788** | 12% |
| A.7 - SEIRBHÍSÍ SAINCHOMHAIRLIÚCHÁIN | 108 | - | **108** | 89 | - | **89** | -18% |
| A.8 - STAITISTICÍ A BHAILIÚ | 1,592 | - | **1,592** | 4,514 | - | **4,514** | 184% |
| A9 - LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE AR BHEARTAIS | 6 | - | **6** | 54 | - | **54** | - |
| Olliomlán:- | 50,481 | - | **50,481** | 60,081 | - | **60,081** | 19% |
| *Bain as :-* | | | | | | | |
| A.10 - LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR | 1,909 | - | **1,909** | 2,249 | - | **2,249** | 18% |
| *Glaniomlán* | 48,572 | - | **48,572** | 57,832 | - | **57,832** | 19% |
| | | | | Glanmhéadú (€000) | | | 9,260 |
| *Pá an Státchiste arna chur san áireamh sa ghlaniomlán thuas* | | | **36,960** | | | **36,309** | -2% |
| *Fostaithe gaolmhara na Seirbhíse Poiblí* | | | **793** | | | **802** | 1% |

| | Toradh Sealadach 2009 | | | **Meastachán 2010** | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** |
| | €000 | €000 | **€000** | €000 | €000 | **€000** |
| Is mar seo a leanas a mheastar an caiteachas iomlán i dtaca leis an tseirbhís seo:- | | | | | | |
| Olltoradh sealadach agus meastachán thuas | 50,481 | - | **50,481** | 60,081 | - | 60,081 |
| Suimeanna measta arna gcur san áireamh sna Vótaí seo a leanas i dtaca leis an tseirbhís seo: | | | | | | |
| Vóta | | | | | | |
| 7 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 3,596 | - | **3,596** | 4,195 | - | 4,195 |
| 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2,868 | - | **2,868** | 2,639 | - | 2,639 |
| 10 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,441 | **102** | **1,543** | 1,236 | **53** | 1,289 |
| Caiteachas Iomlán:- | 58,386 | **102** | **58,488** | 68,151 | **53** | 68,204 |
| Is mar seo a leanas a mheastar na hadmhálacha i dtaca leis an tSeirbhís seo:- | | | | | | |
| Leithghabhálacha-i-gCabhair thuas | 1,909 | - | **1,909** | 2,249 | - | 2,249 |
| Measchíosa ar mhaoine i seilbh an Stáit | 2,194 | - | **2,194** | 1,990 | - | 1,990 |

***San áireamh leis seo tá suim €1,768,000 a sábháladh i gcomhair 2009 faoi théarmaí an Chomhaontuithe maidir leis an mBuiséad Riaracháin agus a tugadh ar aghaidh**

## Mionsonraí ar fho-cheannteidil áirithe

### RIARACHÁN

| A.1 TURASTAIL, PÁNNA AGUS LIÚNTAIS | | | Toradh Sealadach 2009 | | | Meastachán 2010 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon | | | **Reatha** | Caipiteal | **Iomlán** | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** |
| **2009** | **2010** | | **€000** | €000 | **€000** | €000 | €000 | **€000** |
| | | | | | | | | |
| 793 | 802 | Foireann Ghinearálta | 36,151 | - | **36,151** | 35,451 | - | **35,451** |
| | | Ragobair | 175 | - | **175** | 205 | - | **205** |
| | | Leas Sóisialach – Ranníocaíochtaí an Fhostóra | 2,214 | - | **2,214** | 2,308 | - | **2,308** |
| 793 | 802 | Iomlán:- | 38,540 | - | **38,540** | 37,964 | - | **37,964** |
| | | | | | | | | |
| A.2 - TAISTEAL AGUS COTHÚ: | | | | | | | | |
| | | Taisteal agus cothú, srl., ag eascairt as:- | | | | | | |
| | | (i) Taisteal intíre …. | 872 | - | **872** | 949 | - | **949** |
| | | (ii) Taisteal coigríche:- | | | | | | |
| | | (a) AE …. | 202 | - | **202** | 223 | - | **223** |
| | | (b) Eile …. | 55 | - | **55** | 62 | - | **62** |
| | | (iii) Íocaíochtaí chun Astaíochtaí ón Taisteal Aeir a Fhritháireamh | 6 | - | **6** | 4 | | **4** |
| | | Iomlán:- | 1,135 | - | **1,135** | 1,238 | - | **1,238** |
| | | | | | | | | |
| A.3 - FOCHOSTAIS: | | | | | | | | |
| | | 1. Féilteachas .... | 8 | - | **8** | 11 | - | **11** |
| | | 2. Oiliúint agus forbairt foirne.... | 295 | - | **295** | 458 | - | **458** |
| | | 3. Ilghnéitheach .... | 1,269 | - | **1,269** | 1,611 | - | **1,611** |
| | | Iomlán:- | 1,572 | - | **1,572** | 2,080 | - | **2,080** |
| | | | | | | | | |
| A.4 - SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDÍ: | | | | | | | | |
| | | 1. Seirbhísí poist.... | 726 | - | **726** | 1,237 | - | **1,237** |
| | | 2. Seirbhísí Teileachumarsáidí .... | 491 | - | **491** | 586 | - | **586** |
| | | 3. Eile .... | 8 | - | **8** | 18 | - | **18** |
| | | Iomlán:- | 1,225 | - | **1,225** | 1,841 | - | **1,841** |
| | | | | | | | | |
| A.5 - INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ EILE OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA: | | | | | | | | |
| | | 1. Trealamh ríomhairí agus ullmhaithe sonraí agus míreanna gaolmhara.. | 2,837 | - | **2,837** | 4,866 | - | **4,866** |
| | | 2. Trealamh fótachóipeála agus soláthairtí riachtanacha.... | 118 | - | **118** | 266 | - | **266** |
| | | 3. Innealra eile oifige agus soláthairtí gaolmhara.... | 197 | - | **197** | 425 | - | **425** |
| | | 4. Seirbhísí priontála, ceangail agus stáiseanóireachta eile.... | 257 | - | **257** | 531 | - | **531** |
| | | 5. Soláthar Seirbhísí Seachtracha TF…. | 1,292 | - | **1,292** | 4,425 | - | **4,425** |
| | | Iomlán:- | 4,701 | - | **4,701** | 10,513 | - | **10,513** |
| | | | | | | | | |
| A.6 - SPEANSAIS MAIDIR LE hÁITRIBH OIFIGE: | | | | | | | | |
| | | 1. Cothabháil .... | 1,133 | - | **1,133** | 1,169 | - | **1,169** |
| | | 2. Teas, solas, breosla.... | 359 | - | **359** | 444 | - | **444** |
| | | 3. Trealamh agus feistithe.... | 110 | - | **110** | 175 | - | **175** |
| | | Iomlán:- | 1,602 | - | **1,602** | 1,788 | - | **1,788** |
| | | | | | | | | |
| A.7 – SEIRBHÍSÍ SAINCHOMHAIRLIÚCHÁIN: | | | | | | | | |
| | | 1. Sainchomhairliúchán TF .... | 108 | - | **108** | 20 | - | **20** |
| | | 2. Sainchomhairliúchán Eile ... | - | - | **-** | 69 | - | **69** |
| | | Iomlán:- | 108 | - | **108** | 89 | - | **89** |
| | | | | | | | | |
| A.10 - LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR: | | | | | | | | |
| | | 1. Fáltais an Aontais Eorpaigh.... | 137 | - | **137** | 340 | - | **340** |
| | | 2. Ilghnéitheach .... | 186 | - | **186** | 200 | - | **200** |
| | | 3. Fáltais ón Asbhaint ar an Luach Saothair don tSeirbhís Phoiblí, a bhaineann le Pinsin | 1586 | - | **1,586** | 1,709 | - | **1,709** |
| | | Iomlán:- | 1,909 | - | **1,909** | 2,249 | - | **2,249** |
| | | | | | | | | |
| A.8 - STAITISTICÍ A BHAILIÚ | | | Pá | Nach pá é | **Iomlán** | Pá | Nach pá é | **Iomlán** |
| Luach saothair, taisteal agus cothú na foirne allamuigh agus speansais ilghnéitheacha i dtaca le staitisticí a bhailiú agus a fhorbairt. | | | | | | | | |
| | | Seirbhísí (Tuarasóireacht san áireamh) | 223 | 98 | **321** | 100 | 20 | **120** |
| | | Daonáireamh | 164 | 36 | **200** | 869 | 300 | **1,169** |
| | | Praghasanna | 301 | 10 | **311** | 301 | 34 | **335** |
| | | Aonad Bailiúcháin na Suirbhéanna Teaghlaigh | 135 | 72 | **207** | 610 | 300 | **910** |
| | | Suirbhé Buiséid Teaghlaigh | 339 | 214 | **553** | 1,120 | 860 | **1980** |
| | | Iomlán:- | 1,162 | 430 | **1,592** | 3,000 | 1,514 | **4,514** |

# Aguisín 3

## Íoc Pras Cuntas 2009

Tá sé ina bheartas ag an bPríomh-Oifig Staidrimh gach sonrasc a shocrú go pras agus aird chuí a thabhairt ar théarmaí conarthaí, i gcás gurb infheidhme iad, agus ar chleachtais airgeadais agus bhainistíochta airgid thirim agus ar fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú le Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

## Tá staitisticí i gcomhair 2009 leagtha amach thíos

| Cur Síos | Suim |
|---|---|
| Luach iomlán na n-íocaíochtaí ar fad | €9,211,507.97 |
| Líon na n-íocaíochtaí déanacha os cionn €317 (luach an tsonraisc) | 0 |
| Luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha os cionn €317 | 0 |
| Luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha (íocaíochtaí faoi bhun €317 san áireamh) | 0 |
| Luach na n-íocaíochtaí déanacha iomlána mar % d'íocaíochtaí iomlána | 0 |
| Suim an úis a íocadh ar gach íocaíocht dhéanach | 0 |
| Suim an úis mar % de na híocaíochtaí iomlána | 0 |
| Buille faoi thuairim faoi fhad na moilleanna (sonraisc os cionn €317) | 0 |

# Aguisín 4

## Gluais

| Giorrúchán | As Béarla | Míniú |
|---|---|---|
| – | COP | An Daonáireamh |
| – | CIP | An tÁireamh Talmhaíochta |
| – | ITIL | Leabharlann Idirnáisiúnta faoin mBonneagar Teicneolaíochta |
| AD | HR | Acmhainní Daonna |
| APRC | CAPI | An Agallóireacht Phearsanta Ríomhchuidithe |
| ASTR | SPAR | Acmhainneacht Staitistiúil na dTaifead Riaracháin |
| ÁTF | CBC | An tÁireamh Tógála agus Foirgníochta |
| ÁTT | CIP | Áireamh na Táirgeachta Tionscail |
| BCE | ECB | Banc Ceannais na hEorpa |
| BCÚSAÉ | CBFSAI | Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann |
| BNS | NSB | An Bord Náisiúnta Staidrimh |
| BTS | HRB | Bord Taighde Sláinte |
| CBFF | PMDS | An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta |
| CBS | DMS | Córas Bainistíochta Sonraí |
| CCN | SNA | Córas na gCuntas Náisiúnta |
| CCNE | ESA | Córas Cuntas Náisiúnta na hEorpa |

| Giorrúchán | As Béarla | Míniú |
|---|---|---|
| CFA | FVC | Corparáidí Feithiclí Airgeadais |
| CFG | GIS | Córas Faisnéise Geografaí |
| CÍ | BOP | Comhardú na nÍocaíochtaí |
| EU-SILC | EU-SILC | Suirbhé an AE ar Ioncam agus Dhálaí Maireachtála |
| Eurostat | Eurostat | Oifig Staitistiúil an AE (Seirbhís staitistiúil Choimisiún na hEorpa) |
| FSS | HSE | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| GCC | EPA | An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| ISR | ADC | An tIonad Sonraí Riaracháin |
| NACE | NACE | *Nomenclature statistique des Activites economiques dans la Communaute Europeenne.* Aicmiúchán an AE um ghníomhaíochtaí eacnamaíochta. |
| OCC | CRO | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí |
| OOP | OPW | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| RGST | DSFA | Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh |
| RSL | DoHC | Roinn Sláinte agus Leanaí |
| RTIB | DAFF | Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia |
| SAS BI | SAS BI | SAS Enterprise Business Intelligence |
| SBT | HBS | Suirbhé Buiséid Teaghlaigh |

| Giorrúchán | As Béarla | Míniú |
|---|---|---|
| SFN | NES | An Suirbhé Fostaíochta Náisiúnta |
| SII | IIP | Staid Infheistíochta Idirnáisiúnta |
| SNRT | QNHS | Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh |
| SRF | QSC | Suirbhé Ráithiúil ar an bhFoirgníocht |
| STUFCS | EHECS | Suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta, ar Fhostaíocht agus ar Chostais Saothair |
| TF | IT | Teicneolaíocht Faisnéise |
| TFB | KPI | Táscaire Feidhmíochta Buntábhachtach |
| TFC | ICT | Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide |
| TMT | MIP | Táirgeacht Mhíosúil Tionscail |
| TPM | WPI | Treoiruimhir Phraghsanna Mórdhíola |
| TPT | CPI | Treoiruimhir Phraghsanna do Thomhaltóirí |
| VIMA | VIMA | Oifig laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim a phléann le sonraí foinseacha le haghaidh staitisticí trádála |
| UPSP | PPSN | Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí |